Injuries Board.ie

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL DEN BHORD MEASÚNAITHE DÍOBHÁLACHA PEARSANTA 2007



© Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

© Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Baile Átha Cliath
Arna Fhoilsiú Ag Oifig an tSoláthair
Le ceannach díreach ón
Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais,
Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean,
Baile Átha Cliath 2,
nó tríd an bpost ó
Foilseacháin Rialtais,
An Rannóg Post-Tráchta,
51 Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2.
(Teil: 01-6476834/35/36/37; Faics: 01-6476843)

DUBLIN
Published by the Stationery Office
To be purchased directly from the
Government Publications Sales Office,
Sun Alliance House, Molesworth Street,
Dublin 2,
or by mail order from
Government Publications,
Postal Trade Section,
51 Stephen's Green,
Dublin 2.
(Tel: 01-6476834/35/36/37; Fax: 01-6476843)

€5.00
Meitheamh, 2008
PRN: A8/0791

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
DEN BHORD MEASÚNAITHE
DÍOBHÁLACHA PEARSANTA 2007

# EOLAS TEAGMHÁLA

Ionad Seirbhísí ar oscailt:
Luan go Satharn, 8 r.n. go 8 i.n.
Lo-Call 1890 829 121
Bosca OP 8, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí
www.injuriesboard.ie

# CLÁR ÁBHAR


02 Réamhfhocal an Chathaoirligh

04 Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

08 Alt 1 : An méid a baineadh amach in 2007

42 Alt 2 : Suirbhéanna ar Ionaid Oibre agus ar Mhótair lena n-áirítear Cás-Staidéir

68 Alt 3 : Cumarsáid agus Seirbhís do Chustaiméirí.

78 Alt 4 : Rialachas Corparáideach

84 Alt 5 : Ráitis Airgeadais

108 Aguisíní :

Aguisín 1 – Líne Ama Stairiúil

Aguisín 2 – Próiseas an Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) (Sracfhéachaint)

Aguisín 3 – Cairt Eagraíochta & Comhaltaí an Bhoird agus Struchtúr

# RÉAMHFHOCAL AN CHATHAOIRLIGH

Faoi láthair tá táillí mótair 40% níos ísle ná mar a bhí siad nuair a bunaíodh an PIAB i lár 2004

**Cuspóirí a bhaint amach:**
Bhain an PIAB amach lánsreabh gníomhaíochta i 2007, lámhseáil siad 23,000 éileamh díobhála pearsanta agus rinne measúnú ar 8,208 cás ar fiú €181 ar fad iad. Rinneadh measúnuithe ag an leibhéal céanna leis na Cúirteanna, ach bhí siad ceithre huaire chomh tapa agus bhí an forchostas 70% níos ísle ná a bhí an córas sáraíochta a bhí ann roimhe sin.

Bíonn coigilteas ollmhór daonna agus airgeadais i gceist. Baineann éilitheoirí níos mó ná 27 mí den líne ama éilimh, a laghdaigh ó trí bliana go 7.2 mí; bíonn laghdú €40 milliún sa bhliain ar fhorchostais agus tá na Cúirteanna agus seirbhísí dlí ar fáil anois le díriú ar shaincheisteanna a mbíonn fíordhíospóidí ag baint leo.

Ina theannta sin, tá leas bainte ag beagnach gach teaghlach agus gnó as árachas níos ísle. Faoi láthair tá táillí mótair 40% níos ísle ná mar a bhí siad nuair a bunaíodh an PIAB i lár 2004 agus tá táillí árachais go ginearálta 6% níos ísle i dtéarmaí iarbhíre ná mar a bhí i mí Mhárta 1998. Níl amhras ar bith ach go raibh an laghdú de 70% i bhforcostais a bhaineann le héilimh a lámhseáil mar chuidiú suntasach maidir le préimheanna árachais a ísliú. Bíonn an laghdú sin i gcostais sheachadta éilimh mar chuid lárnach den athrú cultúir i dtreo socruithe luatha, éascaithe ar deireadh ag próiseas an PIAB.

**Timpeallacht maidir le héilimh a réiteach:**
Tá an timpeallacht in Éirinn faoi láthair maidir le héilimh a réiteach go hiomlán difriúil ón uair a bunaíodh an PIAB i lár 2004. Leanfaidh an Bord agus a chuid polasaithe de bheith ag éabhlú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua agus chun freastal ar na riachtanais athraitheacha agus ar roghanna na sochaí.

Leagadh amach leasú ar an reachtaíocht a tugadh isteach sa dara cuid de 2007 chun chomh minic agus a diúltaíodh gan ghá do dhámhachtainí agus an costas a bhain leis sin a laghdú. Is é éifeacht an athraithe ar an reachtaíocht ná go bhfuil na héilitheoirí a dhiúltaíonn dámhachtain ach nach n-éiríonn leo dámhachtainí níos mó a bhaint amach sa Chúirt ina dhiaidh sin freagrach as na costais dlí a thagann chun cinn.

I 2007, d’ardaigh an PIAB liúntais do tháillí ar thuarascálacha liachta faoi réir measúnú cás ar chás ar riachtanais na n-éilitheoirí in áit cur chuige aon táille amháin. Chomh maith leis sin leathnaigh an PIAB na himthosca ina bhféadfaí breis táillí agus costais d’éilitheoirí díobhála pearsanta leochaileacha a cheadú.

# RÉAMHFHOCAL AN CHATHAOIRLIGH

Thug an Bord cead an t-ainm a athbhrandáil go InjuriesBoard.ie chomh maith le hinfheistíocht chun seirbhísí ar-líne a fheabhsú

**Ag freastal do riachtanais chustaiméirí:**
D'éirigh thar cionn leis an PIAB na cuspóirí a leagadh amach nuair a bunaíodh é ar dtús a chur i gcrích agus a shárú. Ach, is léir nach mórán cúnaimh an t-ainm 'Personal Injuries Assessment Board' chun an Bord a aithint nó cuimhneamh air agus nach bhfuil an t-ainm oiriúnach do thimpeallacht ar-líne. Dá bhrí sin, thug an Bord cead an t-ainm a athbhrandáil go InjuriesBoard.ie chomh maith le hinfheistíocht chun seirbhísí ar-líne a fheabhsú. Faoi lár 2008, mar chuid de na seirbhísí ar líne beidh seirbhísí idirghníomhacha ag tosú le feidhmchláir ar-líne agus ag gluaiseacht ar aghaidh in am trátha chuig rianú iomlán ar-líne ar éilimh.

Léiríonn na hathruithe agus na feabhsuithe sin ar fad eagraíocht atá lán-thiomanta do sheirbhísí breisluacha agus d'fheabhsúchán leanúnach a sholáthar – tá na bearta sin i bhfad níos leithne ná na chéad chuspóirí a bhí leagtha amach dó. Ach, ní féidir linn a bheith sleamhchúiseach faoi. Bíonn ar an PIAB dul i ngleic gach lá le héilimh ar tháillí agus ar chostais atá ag éirí níos sofaisticiúla agus níos samhlaíche, fiú i gcásanna nuair nach mbíonn aon díospóid faoi chúis timpiste i gceist. Tá cuideachtaí árachais ag súil le harduithe préimhe cheana féin, seachas tuairimí ón PIAB go bhfuil coigealtas bliantúil de €40 milliún indéanta agus go deimhin inbhuanaithe.

Teastaíonn Bord agus Feidhmeannas le diongbháilteacht, tiomantas, fuinneamh agus fís do chúinsí den sórt sin. Tá na cáilíochtaí sin ar fad agus go leor eile ag an mBord agus ag an bhFeidhmeannas agus tá sé d'onóir agam a bheith i mo Chathaoirleach orthu. Tá siad i gceannas ar fhoireann fostaithe atá thar a bheith proifisiúnta, dícheallach agus spreagtha agus tá a n-éifeachtacht ina fhactóir lárnach maidir le chomh maith agus a éiríonn le PIAB. Glacaim buíochas le gach aon duine acu as a dtiomantas agus a ndíogras. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin leis an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Ó Máirtín, T.D., atá ann faoi láthair as a thacaíocht fhlaithiúil agus fáilte a chur roimh an Tánaiste, Máire Ní Chochláin, T.D., chun na hoifige.



**Dorothea Dowling**
**Cathaoirleach**

# RÉAMHRÁ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Is fórsa dearfach é seo do chustaiméirí, do ghnó agus don tsochaí.

Tá creat ama ceithre bliana oiriúnach chun measúnú a dhéanmah ar fheidhmíocht eagraíochta nua. I gcás an PIAB (a bunaíodh i lár 2004), tá sé taghta chuig pointe oiriúnach tar éis ceithre bliana chun machnamh a dhéanamh ar na dúshláin agus ar na deiseanna atá ann don todhchaí. Dá bhrí sin níor cheart go mbeadh iontas ar bith ann go raibh an PIAB dírithe i rith an dara cuid de 2007 ar phleanáil do na céad cheithre bliana eile i gcomhthéacs na gceithre bliana seo caite a athbhreithniú.

I mo thuairimse, agus an eagraíocht tomhasta i gcoinne ceann ar bith de na cuspóirí a socraíodh don PIAB, is fórsa dearfach í do chustaiméirí, do ghnó agus don tsochaí. Tá an eagraíocht níos tapúla, níos éifeachtaí agus go deimhin, níos oiriúnaí d'fhormhór timpistí díobhála pearsanta ná mar a bhí an eagraíocht a bhí ann roimpi agus a bhí bunaithe ar an tsáraíocht.

- **Ceithre huaire chomh tapa**
- **Forchostas 70% níos ísle**
- **Leibhéil dámhachtana céanna**
- **Fáil ar na Cúirteanna**
- **Árachas níos ísle (ná i 1990 i dtéarmaí iarbhíre)**
- **Féin-Mhaoiniú**

I 2007, fuair an PIAB an líon is airde iarratas go dáta (23,345), rinne sé an méid is mó measúnuithe go dáta (8,208) agus luach €181 ar fad. Léiríonn an t-ardú i líon na n-iarratas a fuarthas i 2007 an t-athrú i Reacht na dTréimhsí anuas ó thrí bliana go dtí dhá bhliain, agus léiríonn sé tréchuir níos normalaithe agus níos intuartha do bhliain ar bith amach romhainn.

Sular bunaíodh an PIAB eisíodh thart ar 30,000 toghairm/eascaire in aghaidh na bliana in Éirinn. Cé nach féidir go dtí seo an líon iomlán éileamh díobhála pearsanta atá ann faoi láthair a dhearbhú ó thionscal an árachais, measaimid go dtagann 30,000 (féach Fíor 1) chun cinn i mbliain ar bith. As an bhfigiúr iomlán sin measaimid go bhfaightear réiteach ar 7,000 éileamh go tipiciúil sula dtéann siad chomh fada le córas an PIAB agus go luíonn 7,000 acu taobh amuigh de scóip an PIAB. As an 16,000 éileamh atá fágtha, glactar le, nó, diúltaítear os cionn 81% acu laistigh de phróiséas an PIAB. As an 19% dámhachtain a dhiúltaítear, tugann fianaise neamhoifigiúil le fios nach sroicheann siad an Chúirt nó sin teipeann orthu dámhachtainí níos mó a bhaint amach sa Chúirt. Ní dhéanann cásanna mar sin ach ciseal breise costais a chruthú agus déantar iarracht gan iad a spreagadh. Is léiriú maith é an t-athrú ar an reachtaíocht a cuireadh

# RÉAMHRÁ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Fíor 1 Briseadh Síos ar Éilimh Dhíobhála Pearsanta



| | |
|---|---|
| Lasmuigh de Scóip an PIAB | 7,000 |
| Socraithe Roimh an PIAB | 7,000 |
| Cásanna Réitithe | 8,000 |
| Dámhachtainí an PIAB | 8,000 |

i bhfeidhm i 2007 maidir leis sin agus mar thoradh air bhí rátaí glactha níos airde sa dara leath de 2007.
Ag teacht le blianta roimhe seo, leanann an PIAB ag seachadadh Dámhachtainí ag an leibhéal céanna leis an tsamhail sáraíochta ach le forchostas 70% níos ísle ag gabháil leis.

Léiríonn an tábla thíos gur sheachaid an PIAB coigiltis dhíreacha de bheagnach €40m i 2007 agus creidimid go bhfuil an figiúr sin inbhuanaithe, bunaithe ar líon na n-éileamh/minicíocht timpistí in Éirinn.

## Tábla 1 Spáráiltí bainte amach ag an PIAB

| | 2006 | 2007 |
|---|---|---|
| Costais Sheachadta Iomlán an PIAB | €4.566 milliún | €7.4 milliún (7.2%) |
| Costais Dlíthíochta Inchomparáide (Faoin Seanchóras) | €30.696 milliún | €47.15 milliún (46%) |
| Coigiltis Iarbhíre (An PIAB vs Córas Dlíthíochta) | €26.13 milliún | €39.75 milliún |

Maidir le leibhéil dámhachtainí, leanann próifíl dámhachtainí an PIAB patrún comhchosúil leis na Cúirteanna. Éilimh ísle nó meánacha formhór na n-éileamh ó thaobh déine de, agus 65% de Dhámhachtainí faoi €20,000 agus 91% faoi €38,000. Is é an figiúr inchomparáide trí na Cúirteanna 89%, leis an 2% difreálach a bhaineann le cásanna Faillí Liachta, nach mbíonn á láimhseáil ag an PIAB. Agus iad ag déanamh measúnaithe ar theidlíochtaí cúitimh caithfidh na Cúirteanna agus an PIAB aird a thabhairt ar An Leabhar Cainníochtaí atá mar threoir ar leibhéil chúitimh in Éirinn. Ag féachaint ar nádúr agus raon na ndámhachtainí, is ionann dliteanas mótair agus 72% de na dámhachtainí go léir, dliteanas poiblí 16% agus dliteanas fostóirí 12%. Ba é €22, 057 meándámhachtain ar fud gach catagóra agus €620,383 ar an méid ba mhó agus €1,000 ar an méid ba lú. Bhí dámhachtainí sa chatagóir

# RÉAMHRÁ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

AR LEAN

Tá na hathruithe sin leagtha amach chun freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais tomhaltóirí

dliteanas fostóirí ar na cinn ab airde ag €26,038, agus léiríonn sin nádúr níos casta na ndíobhálacha a bhí ar dhaoine i dtimpistí den sórt sin.

Léiríonn anailís ar na héilimh de réir réigiún go bhfuil Contae Luimnigh agus Contae an Lú ar bharr an liosta i dtéarmaí líon na n-éileamh per capita, agus iad ag 54% agus 53% faoi seach os cionn an mheáin náisiúnta. I gcodarsnacht leis sin, tá an líon is ísle éileamh per capita ag Cill Chainnigh, atá 42% faoin meán náisiúnta. Níl bunchúiseanna na n-athruithe sin soiléir, ach toisc go bhfuil dliteanas mótair ag 72% de na dámhachtainí go léir, ciallíonn sé go dteastaíonn anailís bhreise ó shonraí ar chúiseanna timpistí.

Tá sé soiléir áfach, cé go n-athraíonn dámhachtainí aonair ag brath ar imthosca aonair, tá treochtaí i meán Dámhachtainí, méid agus cúiseanna aimsithe againn anois agus ní shamhlaímid iad ag athrú mórán ó bhliain go bliain.

Agus an t-eolas sin againn, téim ar ais chuig mo théama tosaigh maidir le pleanáil don todhchaí. Is próiseas orgánach é sin mar a chruthaigh na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm i rith 2007 lenar áiríodh liúntais athraitheacha ar thuarascálacha liachta, chomh maith le liúntais ardaithe do chostais éilitheoirí leochaileacha. Tá na hathruithe sin leagtha amach chun freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais tomhaltóirí, riachtanais a bhíonn ag athrú agus creidim gur cheart go mbeadh ár bhfócas air sin do na ceithre bliana amach romhainn. Áireofar ina measc sin na príomhchuspóirí a leanas:

- Níos mó tuisceana agus branda a bheidh níos tarraingtí don úsáideoir a sheoladh
- Inrochtaineacht níos fearr lena n-áireofar feidhmchláir ar-líne.
- Seirbhísí níos fearr chun freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais pobal ileitneach atá ag fás.
- Seirbhísí breisluacha
  - Leathanaigh ghréasáin ainmnithe don phobal liachta.
  - Comhairle faoi shláinte agus faoi fholláine a bheidh dírithe ar an bpróiseas téarnaimh a dheifriú.
  - ‘Meastóir éileamh’ ar-líne chun treoir ghinearálta maidir le luach na ndíobhálacha a sholáthar.
  - Áireamhán do chailleadh tuillimh ar-líne.

## RÉAMHRÁ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
AR LEAN

PIAB sa chaoi is fearr chun measúnú a dhéanamh ar éilimh agus chun Dámhachtainí a dhéanamh.

Seoladh an tseirbhís sin ag deireadh na bliana agus faigheann sí tacaíocht ó fheachtas fograíochta ar bhonn náisiúnta. Níor bhreathnaíomar ar an bhforbairt sin mar cheann scríbe ann féin, ach mar chéim chun cinn chun seirbhísí feabhsaithe a chur ar fáil do thomhaltóirí. Beidh ról lárnach ag ár bhfoireann leis an gcuspóir sin a bhaint amach agus tá a gcumas maidir leis sin léirithe acu le ceithre bliana anuas. Tá bród orm a rá go bhfuil an fhoireann is cuimsí agus is cáilithe dá bhfuil ag obair in airéine na measúnaithe in Éirinn ag an PIAB. Comhdhéanta de dhlíodóirí, d'achtúirí, de lucht gairmiúil éileamh agus de speisialtóirí theicneolaíocht an eolais chomh maith le foireann tacaíochta agus riaracháin tiomanta, ba chóir go mbeadh doimhneacht agus taithí na foirne sin mar shásamh mór do dhuine ar bith atá ag próiseáil éilimh leis an PIAB mar ciallaíonn sé go bhfuil an PIAB sa chaoi is fearr chun measúnú a dhéanamh ar éilimh agus chun Dámhachtainí a dhéanamh.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh le Micheál Ó Máirtín T.D. mar iar-Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus leis na hOifigigh ón Roinn sin. Táim ag tnúth le bheith ag obair leis an Tánaiste agus an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta nuacheaptha Máire Ní Chochláin, T.D.

Ar deireadh, glacaim buíochas le foireann agus bainistíocht an PIAB as a ndianobair agus a ngairmiúlacht. Táim ag tnúth go mór le bheith ag obair leo agus deimhním ár dtiomantas i leith freastal ar fheabhsúchán leanúnach agus ar riachtanais an phobail.



**Patricia Byron**
**Príomhfheidhmeannach**



# PRÍOMHCHUSPÓIRÍ STRAITÉISEA

# Alt 1

## An méid a baineadh amach in 2007

ACHA AN PIAB

Measúnú cóir, cruinn a dhéanamh go tráthúil ar an tsuim chúitimh a bhfuiltear ina teideal i gcás éilimh maidir le díobháil phearsanta a thagann faoi scáth an PIAB.

# AN MÉID A BAINEADH AMACH IN 2007

## Réamhrá

I rith 2007, lean an PIAB ag obair i dtreo na sé chuspóir straitéiseacha (léirithe thíos) a bhaint amach, mar atá leagtha amach i gcéad Phlean Straitéise 2006 – 2010 na heagraíochta. Déanfar roinnt de na tionscnaimh agus na gníomhartha a mhionshonrú sna leathanaigh seo a leanas.

### Tábla 1.1 Príomhchuspóirí Straitéiseacha an PIAB

| | |
|---|---|
| Cuspóir 1 | Measúnú cóir, cruinn a dhéanamh go tráthúil ar an tsuim chúitimh a bhfuiltear ina teideal i gcás éilimh maidir le díobháil phearsanta a thagann faoi scáth an PIAB. |
| Cuspóir 2 | Na costais riaracháin a bhaineann le measúnú ar éilimh dhíobhála phearsanta a thagann faoi scáth an PIAB a ísliú. |
| Cuspóir 3 | Cultúr nuálachta agus feabhais a chur chun cinn, trína gcothaítear eagraíocht éifeachtach, shomhúnlaithe atá éifeachtúil ó thaobh costais le foireann dhíograiseach, chumasach ann. |
| Cuspóir 4 | Seirbhís shármhaith don chustaiméir a thabhairt chun cinn trí phróiseas measúnaithe éileamh atá follasach, áisiúil a chur ar bun. |
| Cuspóir 5 | Cur leis an tuiscint atá ag an bpobal ar an PIAB agus ar na buntáistí a bhaineann leis. |
| Cuspóir 6 | Cur go dearfach leis an athrú ar an timpeallacht réiteach éileamh díobhála pearsanta in Éirinn. |

### I dtéarmaí ár ráiteas misin a sheachadadh i 2007, rinne an PIAB:

- 23,000 éileamh díobhála pearsanta agus 8,208 dámhachtain a phróiseáil;
- Meánfráma ama ina bpróiseálfaí éilimh de 7.2 mí bainte amach – faoin bhfráma ama reachtúil naoi mí;
- Measúnú déanta ar chúiteamh iomlán de €181 milliún d'íospartaigh timpiste ag costas €7.4 milliún.

# Alt 1
## An méid a baineadh amach in 2007


# AN MÉID A BAINEADH AMACH IN 2007

Fuair an PIAB 23,345 iarratas ar fad d'éilimh dhíobhála phearsanta i 2007

## 1.1 Anailís ar Iarratais agus ar Dhámhachtainí an PIAB 2007

Tá anailís ar na hiarratas éilimh dhíobhála phearsanta ar fad a fuarthas agus ar na dámhachtainí a rinne an PIAB i rith 2007 san fho-alt seo a leanas.

# Alt 1
## An méid a baineadh amach in 2007



# IARRATAIS

Fíor 1.1 Briseadh Síos ar Iarratais 2007 de réir Catagóire:



56% Dliteanas Mótair
26% Dliteanas Poiblí
18% Dliteanas Fostóra

Léiríonn an tábla thuas briseadh síos ar Iarratais PIAB a fuarthas i 2007 de réir categóire m.sh. Éilimh ar Dhliteanas Mótair, ar Dhliteanas Fostóra agus ar Dhlitheanas Poiblí.

## 1.1.1 Iarratais

Fuair an PIAB 23,345 iarratas ar fad d'éilimh dhíobhála phearsanta i 2007 (ardú 10% ar 2006). Is féidir an t-ardú sin a lua leis an athrú i Reacht na dTréimhsí ó trí bliana anuas go dtí dhá bhliain, a raibh lán éifeacht leis i Márta 2007. Go bunúsach, ciallaíonn sé sin gur thug an PIAB faoi phróiseáil lánthimthriallta ar éilimh den sórt sin i 2007. Agus lánsreabh gníomhaíochta bainte amach ag an PIAB, meastar go bhfanfaidh méid na n-Iarratas bliantúil ag c. 23,000.

De réir an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003, tá gach éileamh dhíobhála pearsanta (seachas iad sin taobh amuigh de réimse freagrachtaí na heagraíochta) á bpróiseáil tríd an PIAB. Baineann na hiarratais sin le héilimh dhíobhála phearsanta do Dhliteanas Mótair, Dliteanas Poiblí agus Dliteanas Fostóirí (tá sé sin le fáil sa bhriseadh síos ar chlé).

Cé go gcaithfidh gach iarratas díobhála pearsanta (seachas Faillí Liachta agus catagóirí cásanna áirithe eile mar atá leagtha amach in Alt 04 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003), clárú leis an mBord de réir dlí, níl aon údarás, nó baint, ag an mBord le roinnt catagóirí éileamh. m.sh.

- Cásanna a bhaineann le díospóid faoi dhliteanas.
- Catagóirí eile cásanna mar atá sonraithe in Alt 17 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta.

Ní don Bhord na cásanna seo agus is tríd an gcóras dlíthíochta atáthar ag déileáil leo faoi láthair. As na 23,000 cás a fhaightear gach bliain meastar go mbaineann thart ar 7,000 acu leis na catagóirí thuas, rud a fhágann glan-portfóilió éileamh an PIAB ag thart ar 16,000 cás in aghaidh na bliana. Ar bhonn taithí go dtí seo, measann an PIAB go mbeidh toradh na 23,000 iarratas a shamhlaítear i ndeireadh thiar mar seo a leanas:

- Cásanna lasmuigh de scóip an PIAB agus scaoilte chun na Cúirteanna i.e. Cásanna díospóide – 7,000
- Cásanna a réitíodh i ndiaidh idirghabhála ó Ionad Seirbhíse an PIAB – 8,000
- Cásanna a ndearna an PIAB measúnú orthu – 8,000

# Alt 1
An méid a baineadh amach in 2007

## IARRATAIS
AR LEAN

Fíor 1.2 Briseadh síos ar gach Iarratas an PIAB



| | | |
|---|---|---|
| Cásanna a Réitíodh | ■ | 8,000 |
| Measúnú déanta ag PIAB | ■ | 8,000 |
| Lasmuigh de Scóip an PIAB | ■ | 7,000 |

### 1.1.1 Iarratais

Tríd is tríd baineann na nithe seo a leanas le próiseas an PIAB (féach le do thoil ar Aguisín 2 le haghaidh tuilleadh eolais ar phróiseas an PIAB)

A) Luathaithint ar éilimh a mbaineann díospóid leo agus/nó éilimh lasmuigh de réimse freagrachtaí an PIAB agus ligthe chun breithnithe sna Cúirteanna.

B) Luathréiteach a éascú trí mhionsonraí éilimh a chóipeáil idir an Éilitheoir agus an Freagróir.

C) Dámhachtainí foirmeálta a dhéanamh do chásanna nach bhfaightear réiteach orthu mar atá sonraithe in A) nó B) thuas.

As na héilimh sin atá ag fanacht laistigh de chóras an PIAB, tá an próiseas éileamh leagtha amach chun nádúr, méid agus tionchar na díobhála a bhreithniú agus cúiteamh airgeadais cuí de réir slata tomhais mar atá leagtha amach go stairiúil ag na Cúirteanna a dhámhadh. (Caithfidh an PIAB agus na Cúirteanna "aird chuí" a thabhairt ar an Leabhar Cainníochtaí de réir dlí, atá ar fáil ag www.injuriesboard.ie).

Mar achoimre, as na 23,000 Iarratas a dhéantar chuig an PIAB gach bliain, meastar nach bhfuil 7,000 laistigh de réimse freagrachtaí an PIAB agus go roinntear fuílleach na gcásanna idir measúnú iomlán an PIAB agus réitigh arna n-éascú ag an PIAB.

Ó bunaíodh an PIAB, léiríonn sonraí ón gCúirt go dtéann níos lú ná 10,000 cás in aghaidh na bliana ar an meán chomh fada le dlí, i gcomparáid le 30,000 ar an meán sular bunaíodh an PIAB. Sheachain os cionn dhá thrian cásanna dlíthíocht nach bhfuil gá leis ó bunaíodh an PIAB.

# DÁMHACHTAINÍ

## 1.1.2 Dámhachtainí

Is ionann dámhachtain agus luach an chúitimh a dhéantar le duine aonair i ndáil le héilimh dhíobhála phearsanta. Is é ról an PIAB ná leibhéal cúitimh chuí i ndáil le déine na díobhála a mheas mar aon le haon chaillteanas airgeadais iarbhíre/tuartha a bhíonn mar thoradh ar an díobháil. I 2007, rinne PIAB 8,208 dámhachtain, sin méadú de 47% ar 2006, ar luach €181.04 milliún.

### Tábla 1.2 Líon agus Luach Dámhachtainí an PIAB

| Bliain | Uimh. na nDámhachtainí a Rinneadh | Luach na nDámhachtainí |
|---|---|---|
| 2006 | 5,573 | €115.28 milliún |
| 2007 | 8,208 | €181.04 milliún |
| Athraitheas | Ardú de 2,635 (+ 47%) | Ardú de €65.76 milliún (+57%) |

Taispeánann an tábla thuas líon na ndámhachtainí a rinneadh i 2007, i gcomparáid le 2006, agus luach comhfhreagrach na ndámhachtáiní sin.

# Alt 1
An méid a baineadh amach in 2007

## DÁMHACHTAINÍ
AR LEAN

Fíor 1.3 Catagóiriú Dámhachtainí: Briseadh Síos ar Líon na nDámhachtainí de réir Catagóire.



| | | | |
|---|---|---|---|
| 72% | Dliteanas Mótair | (5,887) |
| 16% | Dliteanas Poiblí | (1,368) |
| 12% | Dliteanas Fostóra | (953) |

### 1.1.2 Dámhachtainí

Cuimsíonn dámhachtain Damáistí Ginearálta do phian agus d'fhulaingt a tharlaíonn de bharr díobhála go dáta agus amach anseo. Áirítear i ndámhachtain chomh maith Damáistí Ginearálta do chaillteanas airgeadais go dáta agus amach anseo m.sh. caillteanais tuarastal, costas chúram liachta srl. Baineann na sonraí sa tuarascáil seo le luach iomlán Dámhachtana agus ní scartar é do dhamáistí ginearálta agus speisialta.

Tá dámhachtainí a dhéanann an PIAB ag na leibhéil chéanna a mbeifeá ag súil leo trí na Cúirteanna. Tá sé de dhualgas ar Mheasúnóirí an PIAB de réir dlí damáistí a mheas ar an mbunús céanna leis na Cúirteanna. Déanann measúnóirí an PIAB measúnuithe agus aird acu ar an Leabhar Cainníochtaí – treoir do leibhéil chúitimh in Éirinn. (atá ar fáil ag www.injuriesboard.ie).

Déanann na Cúirteanna measúnú ar dhamáistí agus iad ag tabhairt "aird chuí ar an Leabhar Cainníochtaí" mar a leagadh amach san Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004. Déanann an PIAB monatóireacht leanúnach ar leibhéil dámhachtainí chun comhsheasmhacht leis na Cúirteanna a chinntiú agus faigheann sé eolas sonraí díreach ón Seirbhís Chúirteanna maidir leis sin.

I 2007, bhain 72% de gach dámhachtain le cásanna Dliteanais Mótair. I dtearmaí éilimh a fuarthas níor sheas Dliteanas Mótair ach do 56% de chásanna. An chúis leis an difreálach sin ná go ndéanann líon foriomlán níos airde de chásanna Dhliteanais Mótair a mbealach trí phróiseas an PIAB mar gur dócha gur lú seans go mbíonn ceist faoi dhliteanas.

Maidir le héilimh Dliteanais Fostóra tá sé tugtha ar aird go bhfuil go leor de na héilimh sin oiriúnach do chéimeanna nuiar a dhéantar réiteach go luath nuair a dhéantar cóip de shonraí chuig an dá pháirtí agus réitíonn an fostóir agus an fostaí ag an bpointe sin (mar a léiríodh roimhe seo san alt seo).


I gcás éilimh Dhliteanais Poiblí, is dócha go ndéanfar díospóid ar na cásanna agus go scaoilfear chuig an gcóras cúirteanna iad mar ní bhíonn soiléireacht ar fáil i gcónaí maidir le cé is cúis leis an timpiste m.sh. údarás áitiúil, soláthróir cábla, conraitheoir a bhí ag obair ar dheisiúcháin le déanaí.

# DÁMHACHTAINÍ
AR LEAN

Ba é €22,057 an meándámhachtain fhoriomlán i 2007

## 1.1.2 Dámhachtainí

Fíor 1.4 Meánluach na nDámhachtainí de réir Catagóire




Léiríonn an cairt thuas meánluach na ndámhachtainí de réir gach catagóire m.sh Dliteanas Mótair, Dliteanas Fostóra agus Dliteanas Poiblí. Ba é €22,057 an meándámhachtain fhoriomlán i 2007. Bhí dámhachtainí sa chatagóir dliteanas fostóra ar na cinn ab airde ag €26,038, agus léiríonn sin nádúr níos casta na ndíobhálacha a bhí tarlaithe do dhaoine i dtimpistí den sórt sin.

# DÁMHACHTAINÍ
AR LEAN


Ba í an dhámhachtain ab airde i 2007 ná €620,383

Ba í an dhámhachtain ab ísle i 2007 ná €1,000

## 1.1.2 Dámhachtainí

Fíor 1.5 Raon Dámhachtainí

**Dámhachtainí is Airde/Is Ísle**




Léiríonn an graf na dámhachtainí ab ísle agus ab airde i 2007.

# DÁMHACHTAINÍ

AR LEAN

Bíonn thart ar 65% de dhámhachtainí an PIAB faoi €20,000 agus bíonn 91% faoi €38,000.

## 1.1.2 Dámhachtainí

### Tábla 1.3 Briseadh Síos ar Líon Iomlán Dámhachtainí i 2007 de réir Luach agus Chatagóir Éileamh

| Briseadh Síos ar Luach Dhámhachtai (€) | Dliteanas Mótair | Dliteanas Fostóra | Dliteanas Poiblí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| <20k | 4,003 | 466 | 824 | 5,293 (64.5%) |
| 20-38k | 1,404 | 345 | 421 | 2,170 (26.4%) |
| 38-100k | 428 | 131 | 119 | 678 (8.3%) |
| >100k | 52 | 11 | 4 | 67 (0.8%) |
| Iomlán | 5,887 | 953 | 1,368 | 8,208 |


Bíonn thart ar 65% de dhámhachtainí an PIAB faoi €20,000 agus bíonn 91% faoi €38,000. Léiríonn sonraí stairiúla agus sonraí Seirbhís Cúirteanna reatha go bhfuil pátrún comhchosúil á léiriú sna Cúirteanna. Go bunúsach ciallaíonn sé sin go bhfuil formhór mór na n-éileamh díobhála pearsanta ag leibhéil ísle nó meánacha ó thaobh déine de le híocaíochtaí cúitimh gaolmhara faoi €38,000. Seachas cásanna Faillí Liachta a bhíonn níos airde go hiondúil, déileálann an PIAB áfach leis an speictream iomlán éileamh agus léirítear é sin ina cuid dámhachtainí a réimsigh ó €1,000 go os cionn €620,000 i 2007.

# Alt 1
An méid a baineadh amach in 2007

## DÁMHACHTAINÍ
AR LEAN

### 1.1.2 Dámhachtainí

Fíor 1.6 Meándámhachtain de réir Cúige/Catagóire




Léiríonn an tábla thuas an briseadh síos ar an meándámhachtain de réir chatagóir Dliteanais ar bhonn cúige.

# DÁMHACHTAINÍ

AR LEAN

Bunaíodh an PIAB chun an gá le himeachtaí dlí a laghdú, agus ar an mbealach sin forchostais dlíthíochta a laghdú.

## 1.2 Sábháilt Costais mar thoradh ar Dhámhachtainí an PIAB

Ar cheann de na príomhfhachtóirí ba chúis le bunú PIAB ná an leibhéal an-ard préimheanna árachais atá sa tír seo. Rud lárnach a bhí ag cur leis na costais arda árachais ná na costais a bhfuil baint acu le cúiteamh a sheachadadh. Mheas an Bord Comhairleach um Árachas Gluaisteáin (MIAB) go raibh na costais seo tar éis dul chomh hard le 46% sa bhreis ar íocaíochtaí cúitimh iarbhíre. Ar an iomlán díreach faoi bhun €1 billiún i gcúiteamh a íocadh amach i 2002 cuireadh c. €450 million sa bhreis leis i gcostais dlíthíochta. Bunaíodh an PIAB chun an gá le himeachtaí dlí a laghdú, agus ar an mbealach sin forchostais dlíthíochta a laghdú.

I 2007, sheachaid an PIAB an leibhéal reatha cúitimh ag costas seachadta 7.2% i gcoinne an 46% faoin gcóras dlíthíochta. Níl costais sheachadta an PIAB bunaithe ar chéatadán mhéid an mheasúnaithe ach is táillí socraithe iad don éilitheoir (€50) agus don fhreagróir (€900 – ardaithe go dtí €1,050 ón 1ú Eanáir 2008) mar aon le táillí agus costais a gearradh ar an éilitheoir i gcomhlíonadh le riachtanais Acht PIAB.

Cé go ndearna an PIAB 8,208 dámhachtain i 2007, chun na coigiltis a ríomh ní chomhairtear ach coigiltis i leith na ndámhachtáiní sin ar ghlac Éilitheoirí agus Freagróirí leo. Ní féidir a shéanadh go dtagann coigiltis bhreise chun cinn maidir le dámhachtainí eile mar réitítear iad ina dhiaidh sin gan aon ghá le héisteacht chúirte. Sa bhreis air sin, tháinig coigiltis eile chun cinn ar shocruithe díreacha a baineadh amach roimh mheasúnú ón PIAB.

I 2007, ghlac custaiméirí an PIAB le 5,000 dámhachtain. Is é an toradh a bhí air sin ná €102 milliún i gcúiteamh á nglacadh ag Éilitheoirí an PIAB. Ba iad na figiúirí iomchuí do 2006 ná 3,403 dámhachtain agus €66,732 i ndámhachtainí ar glacadh leo. Sonraíonn an tábla thíos líon na ndámhachtainí ar ghlac Éilitheoirí leo i rith 2007, i gcomparáid le 2006, agus luach iomlán na ndámhachtainí sin.

### Tábla 1.4 Líon Iomlán agus Luach Dámhachtainí an PIAB ar glacadh leo

| | **2006** | **2007** | **Variance** |
|---|---|---|---|
| Líon Dámhachtainí glacadh leo | 3,403 | 5,000 | 47% ardú ar |
| Luach Iomlán Dámhachtainí ar glacadh leo | €66.732 milliún | €102 milliún | 53% ardú |

# Alt 1
## An méid a baineadh amach in 2007


## DÁMHACHTAINÍ
AR LEAN

Bhí coigiltí iomlána PIAB ag €39.75 milliún i 2007 i gcoinne €26.13 milliún i 2006.

### 1.2 Sábháilt Costais mar thoradh ar Dhámhachtainí an PIAB

Léiríonn an tábla thíos costais sheachadta iarbhíre an PIAB de €7.4 milliún (7.2%) i 2007  agus cuirtear sin i gcomparáid le forchostas measta ar dhámhachtain leis an luach céanna faoin gcóras dlíthíochta a seachadadh (46%) m.sh. €47.15 milliún. Léirítear na coigiltí a tháinig as sin sa cholún íochtarach m.sh. bhí coigiltí iomlána PIAB ag €39.75 milliún i 2007 i gcoinne €26.13 milliún i 2006.

Fíor 1.7 Costais Sheachadta an PIAB agus Coigiltis Measta Costais




*Meastar go rithfidh coigealtas bliantúil an PIAB ag €40k in aghaidh na bliana.

# DÁMHACHTAINÍ

AR LEAN

## 1.2 Sábháilt Costais mar thoradh ar Dhámhachtainí an PIAB

Bunaithe ar líon na ndámhachtainí ar glacadh leo i 2007, ba é costas seachadta cúitimh de réir an PIAB ná c. €7.4 milliún agus is ionann sin agus níos lú ná 7% de luach na dámhachtana. Bíonn aon laghdú ar chostas an chúitimh a sheachadadh mar thairbhe do thomhaltóirí trí phréimheanna nó íocaíochtaí d'earraí agus do sheirbhísí a laghdú. Is féidir mionsonraí faoi laghduithe ar phréimheanna árachais a fháil ón Lár-Oifig Staidrimh nó ón Rialtóir Airgeadais. Deimhníonn athbhreithniú ar phréimheanna reatha go bhfuiltear ag dul ar ais chuig leibhéil a bhí ann i lár na 1990idí.


# Alt 1
An méid a baineadh amach in 2007

## DÁMHACHTAINÍ
AR LEAN

7 mí an meán-fhad a thóg sé éileamh a mheas

### 1.3 Líne Ama Measúnaithe

Fíor 1.8 Líne Ama Cúitimh




Ceann de phríomhbhuntaistí an PIAB ó thaobh an éilitheora de ná an t-am a ghlacann sé cásanna a shocrú. Sular tugadh isteach an PIAB thóg sé trí bliana ar an meán, nó níos mó, a gcásanna a réiteach trí Dhlíthíocht.

Tá sé de dhualgas ar PIAB, faoi Acht PIAB 2003, measúnú a dhéanamh ar éilimh laistigh de naoi mí den Fhreagróir toiliú le próiseas an PIAB. Léiríonn torthaí an PIAB ó 2007 gur thart ar 7 mí an meán-fhad a thóg sé éilimh a mheas, m.sh. ceithre huaire chomh tapa le dhlíthíocht. Tá sé seo ina bhuntáiste d'éilitheoirí a chuaigh trí chóras an PIAB. Go deimhin, léiríonn taighde go mbíonn athshlánú níos tapúla i gceist nuair a shocraíónn íospartaigh a bhain timpistí dóibh a n-éileamh níos tapúla.

Sular bunaíodh an PIAB, bhain strus breise leis an tréimhse próiseála éilimh d'íospartaigh ar bhain timpistí dóibh. I roinnt cásanna ní raibh gá ar bith leis an inmí a bhain le héisteacht cúirte nuair ba léir nach iad a bhí ciontach as na timpistí. Cinntíonn úsáid línte ama luatha agus cóipeáil éileamh ó thaobh PIAB nach dtreoraíonn an méid bheag cásanna faoi dhiospóid an próiseas do mhéid mhór cásanna agus go deimhin daoine ar bhain timpistí dóibh nach bhfuil uathu ach réiteach tapa a fháil ar a n-éileamh.

# DÁMHACHTAINÍ

AR LEAN

Bhí Luimneach ar an contae is airde ó thaobh ráta éilimh in aghaidh an duine den daonra

## 1.4 Anailís Gheografach ar Dhámhachtainí (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

I 2007, rinne an PIAB anailís gheografach ar na dámhachtainí ar fad a rinneadh agus chuir siad i gcomhchoibhneas le briseadh síos den phobal í chun ráta éilimh per capita i ngach contae a mheas. Léirigh na torthaí roinnt treochtaí suimiúla. Mar shampla, cé gur sheas Baile Átha Cliath do mhóramh na ndámhachtainí iomláine ag 26%, bhí Luimneach ar an contae is airde ó thaobh ráta éilimh per capita, ag seasamh do bheagnach 6.69% de gach dámhachtain an PIAB ach b'ionann é agus 4.34% den daonra náisiúnta.

Déanadh anailís chomh maith ar chineálacha éileamh ar bhonn réigiúnach agus contae agus tá na torthaí sonraithe thíos.


### Tábla 1.5 Dámhachtainí de réir na háite (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

| | Uimh. Dámhachtainí | % Dámhachtainí |
|---|---|---|
| Poblacht na hÉireann | 7,946 | 96.8% |
| Tuaisceart Éireann | 140 | 1.7% |
| Ríocht Aontaithe | 89 | 1.1% |
| An Chuid eile den Domhan | 33 | 0.4% |
| **Iomlán** | **8,208** | **100%** |

# Alt 1
An méid a baineadh amach in 2007

## DÁMHACHTAINÍ
AR LEAN

Fíor 1.9 Dámhachtain de réir Cúige



26% BÁC
25% An chuid eile de Chúige Laighean
9% Connachta
6% Ulaidh
31% Mumhain
3% Lasmuigh den Stát

### 1.4 Anailís Gheografach ar Dhámhachtainí (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

Tábla 1.6 Briseadh síos ar Chatagóir Dámhachtana de réir Áite

| | Poblacht na hÉireann | Tuaisceart Éireann | Ríocht Aontaithe | An Chuid eile den Domhan |
|---|---|---|---|---|
| Dliteanas Mótair | 5,680 | 115 | 68 | 24 |
| Dliteanas Fostóra | 934 | 12 | 4 | 3 |
| Dliteanas Poiblí | 1,332 | 13 | 17 | 6 |
| **Iomlán** | **7,946** | **140** | **89** | **33** |

Tábla 1.7 Briseadh Síos ar líon na nDámhachtainí de réir Cúige

| | BÁC | An chuid eile de Chúige Laighean | Connachta-Ulaidh | Mumhain | Lasmuigh den Stát |
|---|---|---|---|---|---|
| Dliteanas Mótair | 1,344 | 1,542 | 954 | 1,840 | 207 |
| Dliteanas Fostóra | 282 | 229 | 108 | 315 | 19 |
| Dliteanas Poiblí | 512 | 280 | 123 | 417 | 36 |
| **Iomlán** | **2,138** | **2,051** | **1,185** | **2,572** | **262** |


# DÁMHACHTAINÍ

AR LEAN

Rinne PIAB 152 dámhachtain le héilitheoirí as Co. Mhaigh Eo i 2007

## 1.4 Anailís Gheografach ar Dhámhachtainí (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

Fíor 1.10 Uimh. Dámhachtainí an PIAB de réir Contae




# DÁMHACHTAINÍ
AR LEAN

B'ionann éilitheoirí as Co. Mhaigh Eo agus 1.91% den líon dámhachtainí a rinne PIAB i 2007

## 1.4 Anailís Gheografach ar Dhámhachtainí (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

Fíor 1.11 % de gach Dámhachtain PIAB de réir Contae




# DÁMHACHTAINÍ

AR LEAN

Is ionann Maigh Eo agus 2.92% den daonra iomlán.

## 1.4 Anailís Gheografach ar Dhámhachtainí (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

Fíor 1.12 % de Dhaonra Iomlán sa Chontae




# Alt 1
An méid a baineadh amach in 2007

## DÁMHACHTAINÍ
AR LEAN

Rinneadh 34.6% níos lú dámhachtainí PIAB le héilitheoirí as Co. Mhaigh Eo ná mar a bhí ag súil leis i gcomparáid le leibhéal an daonra i 2007.

### 1.4 Anailís Gheografach ar Dhámhachtainí (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

Fíor 1.13 Athraitheas dámhachtain PIAB iarbhíre in aghaidh an contae i gcomparáid le daonra iarbhíre an contae



# DÁMHACHTAINÍ
AR LEAN

## 1.4 Anailís Gheografach ar Dhámhachtainí (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

### Tábla 1.8 An 5 Contae ag Barr de réir Dámhachtainí in aghaidh an duine den daonra

| Contae | % de gach Dámhachtain PIAB de réir Conta | % de Dhaonra Iomlán sa Chonta | Athraitheas go Meán Náisiúnta |
|---|---|---|---|
| Luimneach | 6.69% | 4.34% | +54% |
| Lú | 4.02% | 2.62% | +53% |
| Corcaigh | 14.61% | 11.35% | +29% |
| Tiobraid Árann | 4.37% | 3.52% | +24% |
| An Longfort | 0.98% | 0.81% | +21% |

Léiríonn an léaráid thuas na contaetha leis an líon is airde dámhachtainí in aghaidh an duine den daonra.

# DÁMHACHTAINÍ

AR LEAN

## 1.4 Anailís Gheografach ar Dhámhachtainí (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

### Tábla 1.9 An 5 Contae ag Bun de réir Dámhachtainí in aghaidh an duine den daonra

| Contae | % de gach Dámhachtain PIAB de réir Conta | % de Dhaonra Iomlán sa Chonta | Athraitheas go Meán Náisiúnta |
|---|---|---|---|
| Cill Chainnigh | 1.20% | 2.07% | -42% |
| An Clár | 1.71% | 2.62% | -34.7% |
| Maigh Eo | 1.91% | 2.92% | -34.6% |
| Ros Comáin | 0.93% | 1.39% | -33% |
| Ceatharlach | 0.86 | 1.19% | -28% |

Léiríonn an léaráid thuas na contaetha leis an líon is ísle dámhachtain in aghaidh an duine den daonra.

# DÁMHACHTAINÍ

AR LEAN

## 1.4 Anailís Gheografach ar Dhámhachtainí (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

Fíor 1.14 An Líon is Airde Dámhachtainí Foriomlán de réir Contae



| | |
|---|---|
| BÁC | 2138 |
| Corcaigh | 1161 |
| Luimneach | 532 |
| Gaillimh | 356 |


Léiríonn an graf ar chlé na contaetha leis an scair is airde dámhachtainí foriomlán - mar a bhíothas ag súil leis tá an líon is airde dámhachtainí foriomlána ag na contaetha leis an daonra is mó.

# Alt 1
An méid a baineadh amach in 2007

## DÁMHACHTAINÍ
AR LEAN

### 1.4 Anailís Gheografach ar Dhámhachtainí (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

Fíor 1.15 An Líon is Ísle Dámhachtainí Foriomlán de réir Contae





Léiríonn an graf ar chlé na contaetha leis an scair is ísle dámhachtainí foriomlán - mar a bhíothas ag súil leis tá an líon is ísle dámhachtainí foriomlán ag na contaetha leis an daonra is lú.

# DÁMHACHTAINÍ

AR LEAN


## 1.4 Anailís Gheografach ar Dhámhachtainí (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

Fíor 1.16 An Líon is Airde Dámhachtainí Dliteanais Mótair




Léiríonn na graif thuas agus thíos na contaetha leis an scair is airde agus is ísle dámhachtainí dliteanais mótair foriomlán i 2007.

Fíor 1.17 An Líon is Ísle Dámhachtainí Dliteanais Mótair




# Alt 1
## An méid a baineadh amach in 2007

## DÁMHACHTAINÍ
AR LEAN


### 1.4 Anailís Gheografach ar Dhámhachtainí (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

Fíor 1.18 An Líon is Airde Dámhachtainí Dliteanais Fostóra




Léiríonn na graif thuas agus thíos na contaetha leis an scair is airde agus is ísle dámhachtainí dliteanais fostóra foriomlán.


Fíor 1.19 An Líon is Ísle Dámhachtainí Dliteanais Fostóra



# DÁMHACHTAINÍ
AR LEAN


## 1.4 Anailís Gheografach ar Dhámhachtainí (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

### Fíor 1.20 An Líon is Airde Dámhachtainí Dliteanais Poiblí




Léiríonn na graif thuas agus thíos na contaetha leis an scair is airde agus is ísle dámhachtainí dliteanais poiblí foriomlán.

### Fíor 1.21 An Líon is Ísle Dámhachtainí Dliteanais Poiblí



# Alt 1
## An méid a baineadh amach in 2007

Sa chás nach bhfaigheann an tÉilitheoir níos mó ná méid an bunmheasúnaithe in aon imeacht ina dhiaidh sin ní ghnóthóidh siad a gcostas dlí

## 1.5 Éachtaí Breise:

### 1.5.1 Reachtaíocht a Leasú

Thug an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta isteach an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) 2007. Bhí sé tugtha faoi deara ag an PIAB gur tugadh chun críche an líon céanna cásanna ina raibh measúnuithe agus ar ghlac freagróirí leo ach nár ghlac Éilitheoirí leo ar chúiseanna nach raibh gá leo, ag an bhfigiúr céanna cúitimh tar éis d’imeachtaí dlí a bheith tosaithe agus lenar bhain costais dlí. In imthosca mar sin, forálann an tAcht Leasaithe sa chás nach bhfaigheann an tÉilitheoir níos mó ná méid an bunmheasúnaithe in aon imeacht ina dhiaidh sin ní ghnóthóidh siad a gcostas dlíthiúla agus d’fhéadfadh sé go mbeadh siad freagrach as costais a thabhaíonn an Freagróir. Forálann an tAcht Leasaithe nach bhfuil na costais dlí a thabhaítear le linn phróiseas an PIAB inghnóthaithe sa phróiseas dlí (tá roinnt costais den sórt sin inghnóthaithe i bpróiseas an PIAB).

### 1.5.2 Polasaithe

**• Beartas Cosanta Sonraí Nua**

I rith 2007, chomhaontaigh an PIAB Beartas Cosanta Sonraí foirmiúil le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. B’fhorbairt shuntasach í seo agus í ar cheann de na céad chóid a foilsíodh agus cuireann sí an PIAB chun tosaigh maidir le nósanna imeachta cosanta sonraí a chur i bhfeidhm. Tugann an polasaí cosaint mar sin ar chearta bunúsacha an duine i leith príobháideachais agus tá smacht aige ar an mbealach a láimhseálann an Bord eolas pearsanta faoin Acht um Chosaint Sonraí.

**• Éilitheoirí Leochaileacha**

I nDeireadh Fómhair 2007, shínigh an PIAB na imthosca ina mbeadh cead ag éilitheoirí díobhálacha pearsanta leochaileacha breis táillí agus costais, lena n-áirítear táillí dlíthiúla, a bheith acu nuair a dhéantar measúnú ar a n-éileamh. Beidh údar leis na costais bhreise seo d’éilitheoirí ar leith mar gheall ar a imthosca eisceachtúla, a d’fhéadadh bac a chur ar a rochtain ar an tseirbhís. Is é an páirtí freagrach /nó a nÁrachóir a bheidh freagrach as na costais.

## 1.5 Éachtaí Breise:

### 1.5.2 Polasaithe (ar lean)

Forálann an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003 do tháillí breise agus costais i gcomhair measúnuithe d'Éilitheoirí nach bhfuil inniúlacht dlíthiúil iomlán ag baint leo (m.sh. mionaoiseach – duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois). Rinne an tAcht iarracht éilitheoirí leochaileacha a chosaint trí chostais dhlíthiúla a sholáthar 'd'éilitheoirí nach bhfuil inniúlacht dlíthiúl iomlán acu'. Creideann an PIAB go gcaithfear éilitheoirí leochaileacha a shainmhíniú ar bhealach níos leithne le go gclúdófar na daoine sin sa tsochaí, daoine le imthosca aonair, a dteastaíonn cúnamh breise uathu agus úsáidtear lánrogha ar bhonn cás ar chás.

Cé go bhforálann an PIAB cúnamh dá n-éilitheoirí trí an cabhairlíne Lo-Call (1890 829 121) tá cásanna eisceachtúla ann ina dteastaíonn cúnamh breise ó Éilitheoir.

- **Táillí Liachta**

Tar éis athbhreithniú polasaí a dhéanamh shocraigh an Bord nach raibh sé cuí a thuilleadh táille shocraithe de €150 in aghaidh an éilimh do chostais thuarascáil liachta d'éilitheoirí a cheadú. Anois athbhreithnítear gach cás ar bhonn cás ar chás agus úsáidtear lánrogha chun liúntas cuí a dhéanamh amach.

Ceadaíonn sé seo trédhearcacht agus cothroime níos fearr d'éilitheoirí maidir le raon agus castacht éagsúla na dtuarascálacha liachta a fuair an Bord sna trí bliana atá caite, cuid le táille níos lú agus cuid le táille níos mó.

# Alt 1
An méid a baineadh amach in 2007

Ní fhorchuirtear aon ualach ar an státchiste/ cáiníocóir chun na buntáistí don phobal a thairgeann córas an PIAB a mhaoiniú.

## 1.5 Éachtaí Breise:

### 1.5.3 Maoiniú

Lean PIAB i 2006 ag comhlíonadh a chostas oibríochta go hiomlán trí tháillí a gearradh ar Éilitheoirí agus ar Fhreagróirí. Íocann Éilitheoirí €50 lena n-iarratais agus íocann Freagróirí a thoileann leis an bpróiseas €900 (ardaithe go €1050 ó 1ú Eanáir 2008 trí Ordú ón Aire).

Cé nach gá go mbeadh an PIAB féin-mhaoinithe faoi fhoráil reachtúil, bhí sé féin-mhaoinithe ar bhonn oibríochta faoi dheireadh 2005. Tá sé seo i bhfeidhm ó shin, is ionann é agus buntáiste ollmhór mar ní fhorchuirtear aon ualach ar an státchiste/ cáiníocóir chun na buntáistí don phobal a thairgeann córas an PIAB a mhaoiniú.

Trí sin a dhéanamh, leanann an PIAB ag faire roinnt fachtóirí seachtracha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a stádas maoinithe in iarracht an struchtúr féin-mhaoinithe sin a choimeád. Cuirtear é seo i gcrích trí dhul i ngleic le gníomhaireachtaí eile ar nós an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteacht, An Rialtóir Airgeadais, An tSeirbhís Chúirteanna agus An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. Ceadaíonn an pháirtíocht seo don PIAB súil a choinneáil ar líon na dtimpistí as a leanfaidh éilimh dhíobhála pearsanta sa tír seo, ar líon na n-éileamh a bheidh réitithe go díreach idir páirtithe, ar líon na n-éileamh lena mbeidh gá le dámhachtain an PIAB (gan aon díospóid) agus ar líon na n-éileamh lena mbeidh gá le breithniú Cúirte (cásanna díospóide).

Ceadaíonn an mhonatóireacht seo don PIAB tionchar níos leithne na heagraíochta ar an tsochaí a thomhas i dtéarmaí préimheanna árachais a laghdú, réiteach/socruithe luath, chomh maith le laghdú i gcásanna a dteastaíonn am sa chúirt uathu.

Costais riaracháin a bhaineann le measúnú ar éilimh dhíobhála pearsanta a thagann faoi scáth an PIAB a ísliú

Costais riaracháin a ísliú

# Alt 2

## Suirbhéanna ar ionaid oibre agus ar mhótair lena n-áirítear cás-staidéir



# SUIRBHÉANNA AR IONAID OIBRE AGUS AR MHÓTAIR LENA N-ÁIRÍTEAR CÁS-STAIDÉIR

## Réamhrá

Bíonn an PIAB i mbun anailís leanúnach ar shonraí éileamh lena chinntiú go mbíonn polasaí faoi thionchar eolais. Tá athbhreithniú san alt seo a leanas ar ghnáth timpistí/díobhálacha ó thaobh tréithe aonair Éilitheoirí ar nós aois, inscne agus slí bheatha, chomh maith leis na cineálacha timpistí gur dóigh a tharlóidh in aon slite beatha ar leith. Tá roinnt cás-staidéir leagtha amach chomh maith chun léargas a thabhairt ar na imthosca a bhaineann le héilimh dhíobhála phearsanta áirithe.

Táthar ag súil go mbeidh an t-eolas seo úsáideach do ghníomhaireachtaí eile agus iad sin a bhíonn bainteach le timpistí a chosc/íoslaghdú riosca chun cláir íoslaghdaithe riosca a fhorbairt. Leanfaidh an PIAB ag déanamh anailíse air agus ag foilsiú torthaí taighde.

# Alt 2

## Suirbhéanna ar ionaid oibre agus ar mhótair lena n-áirítear cás-staidéir

# SUIRBHÉANNA AR IONAID OIBRE AGUS AR MHÓTAIR LENA N-ÁIRÍTEAR CÁS-STAIDÉIR

D'fhir a tugadh 71.5% de dhámhachtainí do thimpistí san ionad oibre.

Do mhná a tugadh an 28.5% dámhachtainí a bhí fágtha.

## 2.1 Staidéar Dliteanais Fostóra

I rith 2007, déanadh anailís mhionsonraithe ar thimpistí san ionad oibre bunaithe ar an gcéad 1,157 Dámhachtain Dliteanais Fostóra (timpistí san ionad oibre) a phróiseáil an Bord. Seo a leanas na torthaí:

- D'fhir a tugadh 71.5% de dhámhachtainí do thimpistí san ionad oibre.
- Do mhná a tugadh an 28.5% dámhachtainí a bhí fágtha.
- Bronnadh 48% de dhámhachtainí ar éilitheoirí in aois idir 30-49 bliain d'aois.
- Ba 36 an meán-aois ag éilitheoirí.
- Ba é €25,108 an méid Dámhachtain Dliteanais Fostóra a deonaíodh ar an meán.
- Rinneadh líon iomlán dámhachtainí de €29m do thimpistí san ionad oibre (lena n-áirítear cailleadh tuillimh de of €2.8m).
- Phróiseáil agus sheachad an PIAB cúiteamh do na héilimh ag costas €1.6m

### Tábla 2.1 Briseadh Síos ar Dhámhachtainí Dliteanais Fostóra de réir Inscne

Léiríonn an tábla thíos briseadh síos ar aois agus inscne an sampla – 71.5% fir, 28.5% mná agus 48% de na dámhachtainí sin maidir le daoine 30-49 bliain d'aois.

| Cásanna | Aois<30 | 30-49 | 50+ | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Fir | 24.9% | 35.6% | 11.0% | 71.5% |
| Mná | 10.4% | 12.4% | 5.8% | 28.5% |
| **Iomlán** | **35.3%** | **48.0%** | **16.8%** | **100.0%** |

# Alt 2
Suirbhéanna ar ionaid oibre agus ar mhótair lena n-áirítear cás-staidéir

## SUIRBHÉANNA AR IONAID OIBRE AGUS AR MHÓTAIR LENA N-ÁIRÍTEAR CÁS-STAIDÉIR

### 2.1 Staidéar Dliteanais Fostóra

Léiríonn an tábla thíos an meánchúiteamh do gach grúpa aoise/inscne le dámhachtainí níos airde d'fhir agus dámhachtainí níos airde d'éilitheoirí atá níos sine.

Tábla 2.2 Meándámhachtain do gach grúpa aoise/inscne


| Cásanna | Aois<30 | 30-49 | 50+ | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Fir | €24,729 | €26,930 | €28,975 | €26,477 |
| Mná | €18,323 | €23,531 | €23,717 | €21,675 |
| **Iomlán** | **€22,845** | **€26,054** | **€27,159** | **€25,108** |

# SUIRBHÉANNA AR IONAID OIBRE AGUS AR MHÓTAIR LENA N-ÁIRÍTEAR CÁS-STAIDÉIR

## 2.1 Staidéar Dliteanais Fostóra

Léiríonn an tábla thíos (bunaithe ar an sampla de 1,157 Dámhachtain Dliteanais Fostóra) dáileadh na ndámhachtainí de réir luach le 93% faoi €50,000 agus an iarmhéid os cionn €50,000.

Fíor 2.1 Dáileadh na nDámhachtainí Dliteanais Fostóra de réir Luacha (Bunaithe ar Shampla)



# Alt 2

Suirbhéanna ar ionaid oibre agus ar mhótair lena n-áirítear cás-staidéir

# SUIRBHÉANNA AR IONAID OIBRE AGUS AR MHÓTAIR LENA N-ÁIRÍTEAR CÁS-STAIDÉIR

## 2.1 Staidéar Dliteanais Fostóra

Nuair a scrúdaíodh an 5 Slí Beatha ag barr* de réir líon na n-éileamh fuaireamar amach gur thaifead an catagóir Oibrithe Ginearálta an céatadán is airde dámhachtain ag 33%, de réir thíos.

Fíor 2.2 An 5 catagóir Slí Beatha ag barr de réir % den Dámhachtain (Bunaithe ar Shampla)



| | |
|---|---|
| Oibrithe Ginearálta | 33% |
| Díolachain agus Seirbhísí | 11% |
| Eastóscadh & Oibrithe ó Cheird na Tógála | 10% |
| Oibrithe Miotail, Innealra & Trádála | 9% |
| Oibrithe Seirbhísí Pearsanta & Cosanta | 9% |

# SUIRBHÉANNA AR IONAID OIBRE AGUS AR MHÓTAIR LENA N-ÁIRÍTEAR CÁS-STAIDÉIR

## 2.1 Staidéar Dliteanais Fostóra

Rinneadh taighde breise chun measúnú a dhéanamh ar na cineálacha timpistí ba chúis le dámhachtainí an PIAB. Tá siad sin mionsonraithe sa chás-staidéar seo a leanas:

Fíor 2.3 Cúis na dTimpistí d'Oibrithe Ginearálta (Bunaithe ar Shampla



| | |
|---|---|
| Titim | 27% |
| Bualadh | 24% |
| Inneall | 19% |
| Trealamh Lochtach | 11% |
| Ag Crochadh/Ag Láimhseáil | 8% |
| Gearrthacha & Dónna | 7% |
| Eile | 4% |

# Alt 2
Suirbhéanna ar ionaid oibre agus ar mhótair lena n-áirítear cás-staidéir

# SUIRBHÉANNA AR IONAID OIBRE AGUS AR MHÓTAIR LENA N-ÁIRÍTEAR CÁS-STAIDÉIR

## 2.1 Staidéar Dliteanais Fostóra

Fíor 2.4 Cúis na dTimpistí d'Oibrithe Díolacháin
(Bunaithe ar Shampla)




| | |
|---|---|
| Titim | 38% |
| Bualadh | 22% |
| Ag Crochadh | 10% |
| Gearrthacha/Dónna | 10% |
| Inneall | 8% |
| Trealamh Lochtach | 7% |
| Eile | 5% |

# SUIRBHÉANNA AR IONAID OIBRE AGUS AR MHÓTAIR LENA N-ÁIRÍTEAR CÁS-STAIDÉIR

## 2.1 Staidéar Dliteanais Fostóra

Fíor 2.5 Cúis na dTimpistí do Chléirigh Oifige



# Alt 2
Suirbhéanna ar ionaid oibre agus ar mhótair lena n-áirítear cás-staidéir

## SUIRBHÉANNA AR IONAID OIBRE AGUS AR MHÓTAIR LENA N-ÁIRÍTEAR CÁS-STAIDÉIR

Fuair Cléirigh Oifige an meándámhachtain is airde do thimpistí san ionad oibre ag €38,285.

### 2.1 Staidéar Dliteanais Fostóra

Rinneadh anailís ar an meándámhachtain de réir gairme, mar atá san achoimre thíos. Fuair Cléirigh Oifige an meándámhachtain is airde do thimpistí san ionad oibre ag €38,285.

Tábla 2.3 Cineál Gairme/Dámhachtain (bunaithe ar shampla)

| Gairm | Meándámhachtain |
|---|---|
| Cléirigh Oifige | €38,285 |
| Oibreoirí Innill/Díolamóirí | €34,005 |
| Proifisiúnaigh Eolaíochta Fhisiceach, Mhatamaiticiúil & Innealtóireachta | €30,688 |
| Oibrithe Miotail, innill agus oibrithe trádála ghaolmhara | €30,355 |
| Oibrithe talmhaíochta agus iascaigh oilte | €29,261 |

# SUIRBHÉANNA AR IONAID OIBRE AGUS AR MHÓTAIR LENA N-ÁIRÍTEAR CÁS-STAIDÉIR

## 2.1 Staidéar Dliteanais Fostóra

Ar deireadh, scrúdaímid meándámhachtain de réir cineál timpiste, a áirítear sa tábla thíos.

### Tábla 2.9 Cineál Timpiste / Meándámhachtain (bunaithe ar shampla)

| Gairm | Meándámhachtain |
| --- | --- |
| Inneall | €30,159 |
| Córas Lochtach/ Inneall | €28,830 |
| Ag Crochadh/Ag Láimhseáil | €26,800 |
| Titim | €24,719 |
| Eile | €23,277 |
| Gearrthacha/Dónna | €22,007 |
| Bualadh | €21,723 |

*Tabhair ar aird gur bunaíodh an anailís a déanadh roimhe seo ar shampla ar an gcéad 1,157 Dámhachtain Dliteanais Fostóra a phróiseáil an PIAB. D'fhéadfadh an PIAB tuilleadh anailís a dhéanamh.

Bunaithe ar an anailís seo ar gach mheasúnú a déanadh ar an ionad oibre suas go dtí lár 2007, déanaimid cur síos thíos anois ar roinnt samplaí tipicúla ar na cineálacha timpistí ar rinneadh éileamh orthu agus méid na n-éileamh de réir an PIAB.

# Alt 2

Suirbhéanna ar ionaid oibre agus ar mhótair lena n-áirítear cás-staidéir

# SUIRBHÉANNA AR IONAID OIBRE AGUS AR MHÓTAIR LENA N-ÁIRÍTEAR CÁS-STAIDÉIR

## 2.1 Staidéar Dliteanais Fostóra

### Cás-Staidéar 1

Is fear seachadta é Paul agus bhí sé ag seachadadh chuig custaiméir nuair a thit cráta anuas agus bhuail sa chloigeann é. Leagadh anuas ar an talamh é. De réir mar a thit sé, thit an cráta anuas air agus fuair sé sáinnithe faoi. Bhí an cráta sách trom agus thóg sé roinnt daoine chun é a scaoileadh amach.

Tá pianta ar Paul ina mhuineál, ina ghualainn agus ina lámh mar thoradh ar na díobhálacha a fuair sé. Is peileadóir é Paul ach chiallaigh a dhíobhálacha nach raibh sé in ann peil a imirt le tamall maith.

Mheas an PIAB an t-éileamh a rinne Paul laistigh den tréimhse naoi mí agus dháimh siad cúiteamh €21,000 ag costas €1,900 dó. Thógfadh sé sin trí bliana faoin sean chóras dlíthíochta. Bheadh forchostas thart ar €9,600 don dhámhachtain chéanna agus bheadh iarmhéid de €30,600 i gceist i gcomparáid le iarmhéid an PIAB de €22,900 as a fuair an t-éilitheoir an leibhéal céanna cúitimh.

# SUIRBHÉANNA AR IONAID OIBRE AGUS AR MHÓTAIR LENA N-ÁIRÍTEAR CÁS-STAIDÉIR

## 2.1 Staidéar Dliteanais Fostóra

### Cás-Staidéar 2

Fuair Michael droch dhíobháil ag an obair nuair a chuaigh a lámh i bhfostú in inneall priontála. Bhí lámh Mhíchil briste agus créachtaí dona nach cneasóidh go deo air.

Phróiseáil an PIAB éileamh Michael laistigh den fhráma ama naoi mí. Dháimh siad cúiteamh €63,000 dó ag costas seachadta €1,500. Thógfadh sé sin trí bliana cúiteamh Michael a sheachadadh faoin seanchóras dlíthíochta. Bheadh forchostas thart ar €29,000 don dhámhachtain chéanna agus bheadh iarmhéid de €92,000 i gceist i gcomparáid le iarmhéid an PIAB de €64,500 as a fuair an t-éilitheoir an leibhéal céanna cúitimh.

# Alt 2

Suirbhéanna ar ionaid oibre agus ar mhótair lena n-áirítear cás-staidéir

## SUIRBHÉANNA AR IONAID OIBRE AGUS AR MHÓTAIR LENA N-ÁIRÍTEAR CÁS-STAIDÉIR

### 2.1 Staidéar Dliteanais Fostóra

#### Cás-Staidéar 3

Is oibrí láimhe é Alan agus bhí sé ag crochadh inneall trom leis féin nuair a d'airigh sé straidhn ghéar in íochtar a dhroma. Bhí Alan as obair ar feadh ceithre mhí mar thoradh ar an timpiste.

Mheas an PIAB éileamh Alan laistigh den fhráma ama naoi mí. Dháimh siad cúiteamh €27,000 dó ag costas de €1,400. Bheadh forchostas thart ar €12,400 don dhámhachtain chéanna agus bheadh iarmhéid de €39,400 i gceist i gcomparáid le iarmhéid an PIAB de €28,400 as a fuair an t-éilitheoir an leibhéal céanna cúitimh.

# SUIRBHÉANNA AR IONAID OIBRE AGUS AR MHÓTAIR LENA N-ÁIRÍTEAR CÁS-STAIDÉIR

Bhain 72% de dhámhachtainí i 2007 le Timpistí Dliteanais Mótair.

Fir a bhí i gceist le 47.5% de Dhámhachtainí Mótair i 2007.

## 2.2 Staidéar Dliteanais Mótair

Rinne an PIAB mionanailís ar gach dámhachtain Dliteanais Mótair (Mótair) i 2007. Seo a leanas na príomhthorthaí a fuarthas:

- Bhain 72% de dhámhachtainí i 2007 le Timpistí Dliteanais Mótair.
- Fir a bhí i gceist le 47.5% de Dhámhachtainí Mótair i 2007.
- Mná a bhí i gceist le 52.5% de Dhámhachtainí Mótair i 2007.
- Ba é €21,707 meánchúiteamh foriomlán do dhámhachtain Mótair i 2007.
- Fuair fir meánsuim chúitimh de €22,140 ar dhámhachtainí Mótair i 2007.
- Fuair mná meánsuim chúitimh de €21,313 dhámhachtainí Mótair i 2007.
- B'ionann Éilitheoirí idir 25 agus 44 agus 45% d'éilimh Mhótair ar fad – féach léaráid.

### Tábla 2.5 Próifíl aoise na bhfeirmeoirí ar dámhadh cúiteamh d'Éilimh Mhótair dóibh i 2007

| Aois | % den Iomlán |
|---|---|
| 0-17 | 8.90% |
| 18-24 | 16.50% |
| 25-34 | 25.60% |
| 35-44 | 19.30% |
| 45-54 | 15.10% |
| 55-64 | 9.60% |
| 65+ | 5.00% |

# Alt 2
Suirbhéanna ar ionaid oibre agus ar mhótair lena n-áirítear cás-staidéir

## SUIRBHÉANNA AR IONAID OIBRE AGUS AR MHÓTAIR LENA N-ÁIRÍTEAR CÁS-STAIDÉIR

Luaigh 80% d'éilitheoirí ildhíobhálacha, díobhálacha muiníl, droma agus fuiplaisce mar bhunús don éileamh.

### 2.2 Staidéar Dliteanais Mótair

Léirítear briseadh síos de na cineálacha díobhálacha agus na dámhachtainí a ghabhann leo sa léaráid thíos.

- Luaigh 80% d'éilitheoirí ildhíobhálacha, díobhálacha muiníl, droma agus fuiplaisce mar bhunús don éileamh.
- Ghin dámhachtainí Peilbhis/Coise an leibhéal is airde mheándhámhachtain de €28,519

Tábla 2.6 Cineál Díobhála agus Meándámhachtain a ghabhann leis do Dhámhachtainí Mótair i 2007

| Díobháil | % de Dhámhachtain Iomlán 2007 | Meándámhachtain 2007 |
|---|---|---|
| Cloigeann | 2.50% | €21,240 |
| Ildhíobhálacha | 43.20% | €23,416 |
| Muinéal/ Droim/ Fuiplasc | 38.30% | €17,637 |
| Eile | 8.10% | €19,298 |
| Peilbheas/Cos | 1.70% | €28,519 |
| Síceolaíoch | 0.50% | €18,093 |
| Gualainn/Lámh | 4.20% | €26,207 |
| Tóracs/Abdóman | 1.50% | €22,806 |

# SUIRBHÉANNA AR IONAID OIBRE AGUS AR MHÓTAIR LENA N-ÁIRÍTEAR CÁS-STAIDÉIR

Bhí an líon is ísle dámhachtainí in aghaidh an duine den daonra ag Cill Chainnigh agus Port Láirge

## 2.2 Staidéar Dliteanais Mótair

Ar deireadh, léiríonn anailís geografach gur thaifeadaigh Baile Átha Cliath an céatadán foriomlán is airde de dhámhachtainí mótair i 2007 ag seasamh do 23.66%. Thaifeadaigh Ceatharlach agus Liatroim an céatadán foriomlán is ísle de dhámhachtainí mótair i 2007 ag seasamh do 0.79% an ceann. Ach bhí an líon is airde dámhachtainí in aghaidh an duine den daonra ag Contae an Lú agus Luimneach agus bhí an líon is ísle dámhachtainí in aghaidh an duine den daonra ag Cill Chainnigh agus Port Láirge. Féach an léaráid thíos.


# Alt 2
Suirbhéanna ar ionaid oibre agus ar mhótair lena n-áirítear cás-staidéir

## SUIRBHÉANNA AR IONAID OIBRE AGUS AR MHÓTAIR LENA N-ÁIRÍTEAR CÁS-STAIDÉIR

Rinne an PIAB 158 Dámhachtain Dliteanais Mótair le héilitheoirí as Cill Mhantáin i 2007

### 2.2 Staidéar Dliteanais Mótair

Tábla 2.7 Líon Dámhachtainí Dliteanais Mótair in aghaidh an Chontae i 2007





*Maidir leis an eolas thuas, i 2007 dámhadh 115 dámhachtain dliteanais mótair ar lucht cónaithe Thuaisceart Éireann, 68 ar lucht cónaithe na Breataine Móire agus 24 ar lucht cónaithe áiteanna eile sa domhan.

# SUIRBHÉANNA AR IONAID OIBRE AGUS AR MHÓTAIR LENA N-ÁIRÍTEAR CÁS-STAIDÉIR

B'ionann éilitheoirí as Cill Mhantáin agus 2.78% d'iomlán dámhachtainí dliteanais Mótair i 2007

## 2.2 Staidéar Dliteanais Mótair

Tábla 2.8 % de Dámhachtainí Dliteanais Mótair de réir Contae i 2007



# Alt 2


Suirbhéanna ar ionaid oibre agus ar mhótair lena n-áirítear cás-staidéir

## SUIRBHÉANNA AR IONAID OIBRE AGUS AR MHÓTAIR LENA N-ÁIRÍTEAR CÁS-STAIDÉIR

Seasann Cill Mhantáin do 2.98% den daonra iomlán.

### 2.2 Staidéar Dliteanais Mótair

Tábla 2.9 % d'Iomlán Daonra sa Chontae




# SUIRBHÉANNA AR IONAID OIBRE AGUS AR MHÓTAIR LENA N-ÁIRÍTEAR CÁS-STAIDÉIR

Rinneadh 7% níos lú dámhachtainí dliteanais mótair an PIAB le héilitheoirí as Cill Mhantáin ná mar a bhí ag súil leis i gcomparáid le leibhéil an daonra i 2007.

## 2.2 Staidéar Dliteanais Mótair

Tábla 2.10 Athraitheas do líon iarbhír dámhachtain dliteanais mótair an PIAB a rinneadh de réir contae i gcomparáid le daonra iarbhíre an contae.



# Alt 2

Suirbhéanna ar ionaid oibre agus ar mhótair lena n-áirítear cás-staidéir

## SUIRBHÉANNA AR IONAID OIBRE AGUS AR MHÓTAIR LENA N-ÁIRÍTEAR CÁS-STAIDÉIR

### 2.2 Staidéar Dliteanais Mótair

#### Cás-Staidéir Dhliteanais Mótair

Thíos tá roinnt cás-staidéir a bhaineann le héilitheoirí a bhí páirteach i dtimpistí bóthair, a rinne éilimh tríd an PIAB agus a fuair cúiteamh.

#### Cás-Staidéar 1

Bhí timpiste bhóthair feithicil amháin ag Mary agus bhain drochdhíobhálacha dá cloigeann agus dá muineál. D'imigh an carr a raibh sí ann as smacht, bhuail sé balla agus d'iompaigh sé thart roinnt uaireanta.

Chuir Mary a héileamh díobhála pearsanta isteach díreach chuig an PIAB, gan cúnamh ó idirghabhálaí tríú páirtí. Bhí ar Mary foirm iarratais éilimh a líonadh chun cur isteach ar an bpróiseas iarratais díreach. Is féidir an fhoirm a íoslódáil ar-líne nó a fháil ach dul i dteagmháil le uimhir Lo-call an PIAB ag 1890 829 121 agus cabhróidh siad leat an fhoirm a líonadh chomh maith. Cuireadh isteach an t-iarratas mar aon le táille €50 agus tuairisc liachta ghaolmhar.

I ndiaidh lánmheasúnú a dhéanamh ar a díobhálacha, dháimh an PIAB cúiteamh iomlán de €230,000 do Mary. Phróiseáil an PIAB éileamh Mary laistigh den bhfráma ama naoi mí.

Chosnaigh sé €2,000 in iomlán éileamh Mary a sheachadadh. Thógfadh sé sin trí bliana cúiteamh Mary a sheachadadh faoin sean chóras dlíthíochta. Bheadh forchostas thart ar €100,000 don dhámhachtain chéanna agus bheadh iarmhéid de €330,000 i gceist i gcomparáid le iarmhéid an PIAB de €232,000 as a fuair an t-éilitheoir an leibhéal céanna cúitimh.

# SUIRBHÉANNA AR IONAID OIBRE AGUS AR MHÓTAIR LENA N-ÁIRÍTEAR CÁS-STAIDÉIR

## 2.2 Staidéar Dliteanais Mótair


### Cás-Staidéar 2

Bhí Sean ag teacht abhaile ón obair i mionbhus nuair a stop an bus go tobann. Bhain díobháil don fhíochán bog ar a mhuineál agus ar a dhroim agus bhí sé as obair ar feadh tamaill mar thoradh air.

Dháimh an PIAB cúiteamh de €13,600 do Shean ag costas seachadta €1,180. Próiseáladh a éileamh laistigh den bhfráma ama naoi mí. Thógfadh sé sin trí bliana éileamh Sheain a phróiseáil faoin seanchóras dlíthíochta. Bheadh forchostas thart ar €6,200 don dhámhachtain chéanna agus bheadh iarmhéid de €19,800 i gceist i gcomparáid le iarmhéid an PIAB de €14,780 as a fuair an t-éilitheoir an leibhéal céanna cúitimh.

# Alt 2

## Suirbhéanna ar ionaid oibre agus ar mhótair lena n-áirítear cás-staidéir


0,23
0,87
0,64
Cultúr nuálachta agus feabhais

# Alt 3
## Cumarsáid agus seirbhís do chustaiméirí




Cultúr nuálachta agus feabhais a chur chun cinn, trína gcothaítear eagraíocht éifeachtach, shomhúnlaithe atá éifeachtúil ó thaobh costais le foireann dhíograiseach, chumasach ann.

Alt 3: Cumarsáid agus seirbhís do chustaiméirí

# CUMARSÁID AGUS SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

## 3.1 Daoine agus Córais

I 2007, chun fócas leanúnach ar dhaoine agus ar chórais a chinntiú laistigh d'eagraíocht, dhírigh an PIAB ar roinnt tionscnamh ar fud feidhmeanna eagraíochtúla lena n-áirítear Bainistiú Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht an Eolais agus Cumarsáide agus Airgeadas.

# Alt 3
## Cumarsáid agus seirbhís do chustaiméirí

# CUMARSÁID AGUS SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Tá an PIAB tiomanta do ról agus deiseanna 'Comhpháirtíochta' chun feabhsuithe iarbhíre a chur ar chaighdeán an tsaoil oibre.

## 3.2 Bainistiú Acmhainní Daonna

- **Comhpháirtíocht**

Bunaíodh Coiste Comhpháirtíochta an PIAB agus thionóil sé an chéad chruinniú i 2007. Tá an coiste comhdhéanta d'ionadaithe foirne ó cheardchumainn éagsúla, d'ionadaithe foirne nach bhfuil ina gcomhaltaí de cheardchumainn agus de chomhaltaí ón bhfoireann bainistíochta. Tá an grúpa faoi chomhchathaoirleacht an CEO agus ionadaí foirne. Tá an PIAB tiomanta do ról agus do dheiseanna 'Comhpháirtíochta' chun feabhsuithe iarbhíre a chur ar chaighdeán an tsaoil oibre. Anuas ar sin, tá polasaí cumarsáide comhleanúnach arna forbairt ag an PIAB trí cruinnithe foirne, úsáid inlín tiománta, agus tionscnaimh chumarsáide "duine ar dhuine" ar bhonn leanúnach.

- **Oiliúint & Forbairt**

I 2007, thacaigh an PIAB leis an fhoireann a spreagadh agus a uas-sciliú trí éagsúlacht oiliúna agus trí chláir forbartha pearsanta. Éascaíonn creat inniúil-bhunaithe an PIAB measúnú comhréireach agus forbairt foirne.

Forbraíodh an clár oiliúna le béim ar chlár meantóireachta intí chun a chinntiú go n-aistreofaí scileanna. Leag sé sin béim ar phríomhscileanna teicniúla. Anuas air sin, chuir éascaitheoirí seachtracha breis oiliúna ar fáil. I rith 2007, choimisiníomar anailís riachtanais oiliúna leis an bhfoireann ar fad chun aon riachtanas oiliúna a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

I 2007 chomh maith, d'eisigh an PIAB cuireadh chun tairiscint do sholáthar seirbhísí chun cabhrú le scileanna bainistíochta tionscadail san eagraíocht a fhorbairt. Go sainiúil, ba é an aidhm a bhí leis ná creat bainistíochta tionscadail struchtúrtha agus aitheanta a fhorbairt trína mbainfeadh an fhoireann ar fad leas as oiliúnt bainistíochta tionscadail.

Mar chuid den tionscadal cuireadh oiliúint ar bhainistíocht an PIAB agus glacann siad páirt ghníomhach i bhforbairt an chórais. Forbraíodh treoirlínte agus teimpléid agus tá Bord Tionscadal ar bun anois.

- **Obair Fhoirne agus Obair Thrasfheidhmeach**

Tá an PIAB tiomanta  agus aithníonn an luach a bhaineann le obair fhoirne. Chruthaigh an PIAB roinnt foirne trasfheidhmeacha chun measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar na réimsí seo a leanas:

- **Obair Neamhghnách**
- **Comhpháirtíocht**
- **Pleanáil Gairme agus Forbairt Inniúlachta**
- **Coinneáil Foirne**
- **Córas Bainistíochta agus Forbartha Gníomhúcháin**
- **Dínit agus meas ag an obair**
- **Struchtúr Eagraíochtúil**

I rith 2007, rinne an PIAB athbhreithniú inmheánach ar an struchtúr eagraíochtúil leis an leas is fearr a bhaint as éifeachtacht oibríochta. Cruthaíodh Stiúrthóireacht Airgeadais nua mar thoradh air.

# Alt 3
Cumarsáid agus seirbhís do chustaiméirí

## CUMARSÁID AGUS SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Éascóidh an straitéis nua sin seirbhís do chustaiméirí trí chomhlánú iarratais ar líne 24/7

### 3.3 Teicneolaíocht an Eolais agus Cumarsáide

Is rud lárnach é teicneolaíocht an eolais (IT) chun príomhchuspóirí Phlean Straitéiseach an PIAB a bhaint amach. Tá infrastruchtúr teicneolaíochta atá cothrom le dáta agus atá éasca le húsáid curtha ar fáil agus á chothabháil ag an PIAB chun tacú le hoibriú éifeachtach na heagraíochta. Baineann an PIAB úsáid as teicneolaíocht cheannródaíoch in san ionad measúnaithe agus trína sholáthróir ionad seirbhíse atá foinsithe lasmuigh.

Tacaíonn cumas teicneolaíochta le hábaltacht na heagraíochta seirbhísí a sheachadadh go héifeachtach agus go héifeachtúil. Chuir an Straitéis IT Tosaigh ardán teicniúil láidir agus den scoth ar fáil a thacaíonn leis na riachtanais ghnó reatha agus riachtanais ghnó na todhchaí (m.sh oifig saor ó pháipéar, córais idirlíon-bhunaithe agus córais eolais inmheánach. Áirítear leo seo córas airgeadais, ríomhphost, uathoibriú oifige, cumarsáid (teileafóin, srl) agus an láithreán gréasáin www.piab.ie atá imithe thar dhá mhilliún comhéadan. Soláthraíonn na córais seo eolas bainistíochta straitéiseach agus teicniúil chun cabhrú leis an mBord a gcuspóirí a bhaint amach. I rith 2007 baineadh amach íosam IT de nialas agus is leibhéal seirbhíse suntasach é sin.

Forbraíodh Comhfhreagras Leictreonach le Freagróirí i 2007. Forbraíodh an tsaoráid seo le hárachóirí a thugann slánaíocht d'fhormhór na bhFreagróirí agus san áit ina raibh iliomad cumarsáide ag tarlú go laethúil. Cruthaíonn an córas seo éifeachtacht trí mhodhanna cumarsáide níos tapúla idir an PIAB agus Freagróirí as a leanann cinntí níos luaithe d'éilitheoirí. Bíonn coigilteas substainiúil i gceist maidir le heisíoc poist chomh maith.

Leagann Straitéis Chorparáideach an PIAB béim ar an gcustaiméir agus an gá atá ann ionchais sheirbhíse a bhaint amach. Thug an ról straitéiseach atá ag IT chun an straitéis chorparáideach a sheachadadh chun suntais go raibh gá le hathrú agus gá le tuilleadh leasaithe a dhéanamh ar an straitéis IT.

I rith 2007, thosaigh obair ar Straitéis IT Céim 2 chun treoir straitéiseach IT a leagan amach. Áiríodh ceardlanna agus taighde le geallsealbhóirí chun an timpeallacht ghnó reatha a scrúdú, chun riachtanais IT agus ghnó a dhearbhú agus chun an straitéis ghnó a chinntiú. Breathnaíonn forbairt straitéise IT nua an PIAB ar an gcás atá ann maidir le athrú a dhéanamh, an fhís atá ann maidir le IT laistigh den PIAB a mbeadh sé de chumas aici seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú agus roghanna níos fearr do chustaiméirí a chur ar fáil do chustaiméirí agus iad ag déanamh teagmhála leis an PIAB. Éascóidh an straitéis nua sin seirbhís do chustaiméirí trí chomhlánú iarratais ar líne 24/7, córas rianaithe d'éilitheoirí agus saoráidí íocaíochta ar líne a chur ar fáil chomh maith le láithreán gréasáin feabhsaithe nua chun tacú le straitéis chorparáideach an PIAB.

# CUMARSÁID AGUS SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Is é aidhm an PIAB ná eispéireas custaiméara a bheidh iontaofa, infhaighte agus comhsheasmhach a sholáthar i ngach cainéal cumarsáide.

## 3.4 Seirbhís do Chustaiméirí.

I 2007, lean an PIAB ag tabhairt seirbhís shármhaith don chustaiméir a chur chun cinn trí phróiseas measúnaithe éileamh a chur ar siúl atá follasach agus áisiúil.

Is féidir rochtain a fháil ar an PIAB ag an uimhir Lo-call 1890 829121 ó 8am go dtí 8pm Luan go Satharn. I 2007, láimhseáil an PIAB beagnach 55,000 glaoch leis an gcaighdeán is airde seirbhíse. Fuarthas aiseolas an-dearfach ó chustaiméirí a ghlaoigh ar líne chabhrach agus tuairiscíodh leibhéil arda sástachta. Tá achoimre ar an aiseolas sin léirithe thíos:

- Caitheadh le 99.5% de ghlaothóirí ar bhealach cairdiúil agus cúirtéiseach.
- Mheas 97% de ghlaothóirí go raibh an té a bhí ag déileáil leo eolasach agus feasach faoi na roghanna a bhí ar fáil dóibh.
- Freagraíodh 100% de na ceisteanna go sásúil.
- Bhí 94% de ghlaothóirí ar an eolas ar chonas cúrsaí maidir leis na héilimh a bhogadh chun cinn.
- Tuigeann 90% an PIAB go hiomlán tar éis dóibh glaoch ar an Ionad Seirbhíse.

**Ról na Teicneolaíochta**

Aithníodh an ról atá ag teicneolaíocht maidir le seirbhís shármhaith don chustaiméir a thabhairt chun cinn mar phríomhchúis chun athbhreithniú a dhéanamh ar Straitéis IT an PIAB agus ar an obair ar cuireadh tús leis i 2007. Tá an PIAB tiomanta chun seirbhís shármhaith do chustaiméirí a chur chun cinn agus próiseas measúnaithe éileamh a chur ar siúl atá follasach agus áisiúil. Cabhróidh an láithreacht ar-líne éifeachtach agus éifeachtúil leis an PIAB chun branda an PIAB a fheabhsú agus chun eispéireas custaiméara a fheabhsú d'éilitheoirí trí inniúlachtaí féinseirbhíse níos láidre ar-líne a sholáthar. Is é aidhm an PIAB ná eispéireas custaiméara a bheidh iontaofa, infhaighte agus comhsheasmhach a sholáthar i ngach cainéal cumarsáide. Tugann sé seo deis do chustaiméirí idirghníomhú leis an PIAB trí cibé cainéal a roghnaíonn siad agus chun taithí a fháil ar phróiseas measúnaithe éileamh atá éifeachtach agus follasach.

Tá láithreán gréasáin an PIAB ina fhoinse úsáideach do chustaiméirí le dhá mhilliún cuairt chuig an láithreán gréasáin go dáta. Tá an PIAB tiománta an láithreán gréasáin seo a fheabhsú le cinntiú go soláthraíonn sé ábhar agus feidhmiúlacht i mbealach simplí agus imfhiosach a bheidh níos mealltaí do chustaiméirí.

# Alt 3
Cumarsáid agus seirbhís do chustaiméirí

## CUMARSÁID AGUS SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Cuirfear an feachtas feasachta, atá nasctha le seoladh branda nua agus le láithreán gréasáin uasgrádaithe, i bhfeidhm in 2008.

### 3.5 Eolas, Cumarsáid agus Feasacht

Mar ghníomhaireacht seirbhíse poiblí a dhéileálann le riachtanais na n-íospartach agus iad siúd a ceaptar a bheith freagrach as na timpistí sin, aithníonn an PIAB go bhfuil gá an pobal a chur ar an eolas go bhfuil a leithéid ann, conas teagmháil a dhéanamh linn, céard a ndéanaimid agus na buntáistí a bhaineann lenár seirbhís.

Tá sé sin thar a bheith tábhachtach os rud é go gcaithfidh íospartaigh a bhain timpiste dóibh a n-éileamh a dhéanamh tríd an PIAB murar féidir leo an cás a shocrú go díreach. Chun é seo a éascú, tá cur chuige ilghnéitheach glactha ag an PIAB atá bunaithe ar an príomhdhream m.sh. an pobal i gcoitinne, íospartaigh a bhain timpiste dóibh agus iad siúd atá freagrach as timpistí (Freagróirí agus a n-Árachóirí), agus ar an dream tánaisteach m.sh. An Rialtas, an pobal liachta, daoine le tionchar srl. a chur ar an eolas. Anuas air sin, bhunaigh an Bord coiste ar leith chun straitéis cumarsáide a fhorbairt chun cur le feasacht an PIAB agus a bhuntáistí. Tugadh an straitéis seo chun críche i 2007.

Cé go raibh an cur chuige a glacadh leis i 2007 comhdhéanta go príomha de gheallsealbhóirí spriocdhírithe éagsúla, beidh an cur chuige in 2008 nasctha le feachtas eolais/feasachta níos leithne faoin eagraíocht agus na seirbhísí, arna bhfeabhsófar ag tairiscint ar-líne nua. Cuirfear an feachtas feasachta, atá nasctha le seoladh branda nua agus le láithreán gréasáin uasgrádaithe, i bhfeidhm in 2008.

I 2007, dhírigh an PIAB ar raon geallsealbhóirí trí roinnt chuir i láthair agus mionteagaisc a thabhairt do ghrúpaí éagsúla. Anuas air sin, tá teagmháil rialta ag an PIAB leis na geallsealbhóirí ar nós an tOireachtas, Seirbhísí Cúirteanna, An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, IBEC, ICTU, Cumann na nGnólachtaí Beaga, ISME, Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann, An Rialtóir Airgeadais, an pobal liachta agus níos tábhachtaí, ár Roinn rialaithe agus an tAire Fiontair, Trádála & Fostaíochta.

Leanfaidh an PIAB de bheith ag tacú leo seo agus le tionscnaimh eile sa todhcaí agus leanfaidh sé de bheith i dteagmháil lena bpríomhgheallsealbhóirí. In 2008, tá sé i gceist ag an PIAB naisc níos láidre a chothú le grúpaí a dhéanann ionadaíochta ar náisiúnaigh iasachta in Éirinn, agus na patrúin déimeagrafacha sa tsochaí atá ag athrú a aithint.

# CUMARSÁID AGUS SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Meastar nach mbeidh gá le níos mó ná dhá thrian de chásanna a chur tríd an gcóras dlíthíochta a thuilleadh.

## 3.6 Cultúr ag Athrú

Ó bunaíodh an PIAB, tá athrú thar cuimse tagtha ar réiteach éileamh díobhála pearsanta in Éirinn. Rinne an PIAB measúnú díreach ar 8,208 éileamh i 2007, d'éascaigh sé iliomad cásanna eile idir páirtithe. Meastar nach mbeidh gá le níos mó ná dhá thrian de chásanna a chur tríd an gcóras dlíthíochta a thuilleadh.

Bhí tionchar díreach ag an PIAB ar leibhéal na bpréimheanna árachais sa tír seo. Léiríonn sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh an laghdú seasmhach i bpréimheanna árachais mótair ó bunaíodh an PIAB.

- I dtéarmaí iarbhíre, tá titim thart ar 40% ar phréimheanna árachais mótair ó thosaigh an PIAB i lár 2004.
- I dtéarmaí iarbhíre, tá titim thart ar 50% ar phréimheanna árachais mótair ó shroich siad a buaic in Aibreán 2002.
- I dtéarmaí iomlána, tá préimheanna árachais mótair 6% faoi mar a bhí siad i Márta 1998.

Déantar monatóireacht go leanúnach ar fhorbairtí maidir le héilimh dhíobhála pearsanta ag baile agus thar lear. Sa bhreis air sin, táirgíonn agus foilsíonn an PIAB staitisticí ábhartha do pháirtithe leasmhara.

## 3.7 Rannpháirtíocht an Gheallsealbhóra

Ó forbraíodh céad Plean Straitéiseach an PIAB, lean an eagraíocht lena bpróisis chomhchomhairle le príomhgheallsealbhóirí sa timpeallacht chun réimsí feabhsúcháin leanúnacha agus an gá le seirbhísí nua/breise a aithint. Mar thoradh ar na haschuir déanadh leasú ar Acht PIAB agus feabhsuithe ar an bpróiseas m.sh. polsaithe nua maidir le cead a thabhairt do tháillí liachta agus dlíthiúla.

Bhí seisiúin mionteagaisc ag an PIAB chomh maith le Comhaltaí an Oireachtais agus tionóladh imeacht Fhóram an Tionscail Árachais i gcomhar leis an Rialtóir Airgeadais agus leis an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais, ar a d'fhreastail Micheál Ó Máirtín T.D., an tAire Fiontair, Trádála & Fostaíochta.

# CUMARSÁID AGUS SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

## 3.8 Gaolmhaireacht an Gheallsealbhóra

Mar a léiríodh thuas, leanann an PIAB de bheith ag forbairt caidrimh oibre le príomhgheallsealbhóirí agus páirtithe leasmhara chun na próisis, na córais, agus na hacmhainní a theastaíonn a aithint lena chur ar chumas an PIAB a bheith mar stóras do na sonraí ar fad. I ndáil leis sin, tá idirghníomhú mór tar éis tarlú lenár geallsealbhóirí éagsúla.

Seirbhís shármhaith don chustaiméir a thabhairt chun cinn trí phróiseas measúnaithe éileamh a chur ar siúl atá follasach, áisiúil.



# Alt 4
## Rialachas corparáideach



# RIALACHAS CORPARÁIDEACH

## Réamhra

Is comhlacht reachtúil é an PIAB a bhunaigh an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003.

Oibríonn an PIAB de réir fhorálacha an Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003 agus 2007, agus faoi choimirce an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, a gcumhachtaítear faoin Acht seo maoiniú a sholáthar don Ghníomhaireacht lena chur ar a chumas a ndualgais a chomhlíonadh; agus eolas ar ghníomhaíochtaí na gníomhaireachta a lorg.

I dteannta a reachtaíocht rialaitheach féin, éilítear ar an PIAB cloí le raon eile riachtanas reachtúil (Náisiúnta agus AE) agus riaracháin. Go háirithe, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na riachtanais seo a leanas.

### 4.1 Cód Cleachtais le haghaidh Rialachais Chomhlachtaí Stáit

Tá nósanna imeachta forbartha agus curtha i bhfeidhm ag an PIAB lena chinnitiú go gcloíonn sé leis an gCód Cleachtais seo. Dearbhaigh Cathaoirleach an Bhoird go raibh an Bord ag comhlíonadh an Chóid Chleachtais don Aire Fiontair, Trádála & Fostaíochta. Thart ar dheireadh 2007 rinne an PIAB athbhreithniú ar fheidhmiú an Bhoird ó thaobh rialachais. Tá na moltaí éagsúla a tháinig as an tuarascáil athbhreithnithe á chur i bhfeidhm i láthair na huaire.

### 4.2 An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Tugadh an PIAB laistigh de scóip an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 le héifeacht ó 1ú Eanáir 2006 (I.R. Uimh. 672 de 2005) agus tá glactha aige le nósanna imeachta chun cloí leis an Acht.

De réir an Achta thuas tá ráitis shainleasa curtha i gcrích ag comhaltaí an Bhoird agus gach comhalta foirne a bhfuil post sainithe acu ag cloí le forálacha an Achta.

### 4.3 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an PIAB chun forálacha an Achta a chomhlíonadh agus tá glactha aige le ráiteas sábháilteachta a chuimsíonn gach gné de leas na foirne.

# Alt 4
## Rialachas corparáideach

Alt 4: Rialachas corparáideach

# RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Ag cur an PIAB chun tosaigh ó thaobh nósanna imeachta cosanta sonraí a chur i bhfeidhm

## 4.4 Achtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004

Tá an PIAB tiomanta do pholasaí chomhionannas deiseanna agus glactar cur chuige dearfach i leith an chomhionannais san eagraíocht. Tá an PIAB tiománta do thimpeallacht oibre/saoil chothrom a fhorbairt don fhoireann ar fad. Oibrítear socruithe fhreastail, uaire oibre atá solúbtha agus táthar ag scrúdú socruithe oibre neamhghnách eile i gcomhar leis an bhfoireann.

## 4.5 Achtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003

Is rialaitheoir sonraí cláraithe faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí é an PIAB. I rith 2007 chomhaontaigh an PIAB Beartas Cosanta Sonraí foirmiúil le Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. B'fhorbairt shuntasach é seo a chuir an PIAB chun tosaigh ó thaobh nósanna imeachta cosanta sonraí a chur i bhfeidhm, ar an tslí sin tá sé ag cosaint cearta bunúsacha príobháideachta an duine agus ag feidhmiú smacht ar an mbealach a chuirtear eolas pearsanta ar fáil faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

## 4.6 Achtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003

Mar eagraíocht nuabhunaithe níor tugadh an PIAB faoi théarmaí tagartha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 go fóill. Meastar go dtabharfar an PIAB laistigh de na tearmaí tagartha sin go luath.

## 4.7 Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tagann an PIAB faoi téarmaí tagartha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chuireann creat reachtúil ar fáil chun seirbhísí a sheachadadh i nGaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil sin go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.

## 4.8 Soláthar

Is tairiscint iomaíoch an nós imeachta a úsaideann an PIAB de ghnáth sa phróiseas soláthair. Bhí aird chuí ag na tairiscintí a eisíodh ar thairseacha luacha do chur i bhfeidhm rialacha soláthair. Deimhníonn an PIAB go gcomhlíonfar nósanna imeachta tairisceana i ndáil le tairiscint iomaíoch. Áireofar leis sin go gcloífear le treoirlínte náisiúnta agus le Treoracha AE, a bhfuil feidhm dlí leo in Éirinn agus i ngach Ballstát.


# RIALACHAS CORPARÁIDEACH

## 4.9 An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tagann an PIAB faoi théarmaí tagartha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, agus faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Mall i gcás Bearta Tráchtála) 2002. Is é polasaí an PIAB ná cinntiú go ndéantar traiceáil ar ghach sonrasc agus go n-íoctar iad go tapa roimh an dáta dlite chun críche úis agus ataillí. Tá na nósanna imeachta ar bun chun dearbhuithe réasúnacha a chur ar fáil maidir le neamhchomhlíonadh an Achta agus na Rialacháin.


## 4.10 Cáin

Deimhníonn an PIAB go gcomhlíonfar dlíthe cánach. Tá nósanna imeachta ar bun lena chinntiú go bhfuil an PIAB ina eiseamlár agus é ag comhlíonadh a n-oibleagáid faoi dlíthe cánacha agus go n-íocfar dliteanais chánach ar nó roimh na dátaí dlite iomchuí.



# Alt 5
## Ráitis Airgeadais

Cur leis an tuiscint ag an bpobal ar an PIAB agus ar na buntáistí atá leis.



# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

**Eolas Ginearálta**

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach** | Dorothea Dowling |
| **Comhaltaí an Bhoird** | An Seanadóir Joe O' Toole<br>Patricia Byron<br>John Fay<br>Tom Noonan<br>Pat Healy<br>Ann Fitzgerald<br>Mary O' Dea<br>Frances Cooke<br>Frank Cunneen<br>An tOllamh Denis Cusack |
| **Oifig** | Teach Grain<br>Exchange Hall<br>Cearnóg Belgard Thuaidh<br>Tamhlacht<br>Baile Átha Cliath 24 |
| **Iniúchóir** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>Caisleán Bhaile Átha Cliath<br>Baile Átha Cliath 2 |

# Alt 5
## Ráitis Airgeadais

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

## Ráiteas Freagrachtaí an Bhoird

Ceanglaíonn Alt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003 ar an mBord ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú sa bhformáid agus sa tslí atá sonraithe ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Agus an Bord ag ullmhú na gcuntas seo, éilítear air:

(a) Polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta.

(b) Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama.

(c) Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ag feidhmiú.

(d) A lua ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe faoi réir ag aon imeacht ábharthach sna ráitis airgeadais a nochtaítear agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ag cloí le hAlt 77 den Acht. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Bhoird a chosaint agus as sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Bhoird

6 March 08
Dáta

Patrick J Healy

6 March 08
Dáta

# Alt 5
## Ráitis Airgeadais

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

## Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Thar ceann Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Ní féidir le córas airgeadais inmheánach den sórt sin ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt in aghaidh earráide ábharthaí. Tugann an córas deimhniú réasúach go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go ndéantar earráidí ábharthacha agus mírialtachtaí a chosc nó a aimsiú laistigh de thréimhse thráthúil.

Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an mBord lena chinntiú go mbeidh timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí na rudaí seo a leanas:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus a chinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí;
- Coiste Iniúchta a bhunú le comhairle a chur ar an mBord maidir lena bhfreagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chomhlíonadh.

Leanann an PIAB de bheith ag forbairt agus ag feabhsú próisis bhainistíochta chun rioscaí gnó a aithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu trí:

- nádúr, méid agus tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na rioscaí atá os comhair an Bhoird a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheastar a bheith inghlactha;
- measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a íoslaghdú;
- measúnú a dhéanamh ar oibriú chostais rialuithe áirithe i gcomparáid leis an leas a fhaightear.

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

## Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánach bunaithe ar chreat oibre d'eolas rialta bainistithe, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas, agus córas chleachtais tarmligin agus cuntasachta.

Áirítear air, go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil, a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn an Bord tríd an gCoiste Airgeadais;
- ráiteas faoi shreabhadh airgid míosúil le hanailís ar chatagóirí ioncaim agus caiteachais mhóra, a athbhreithníonn Coiste Airgeadais an Bhoird;
- feidhmiú chóras cuntasaíochta airgeadais - tá córas bogearrraí ríomhaire bunaithe ag an mBord córas bogearraí lena n-áirítear pacáiste cuntasaíochta chun na rialaithe airgeadais inmheánaigh a éascú.

Tá Coiste Iniúchta agus gnólacht iniúchóirí gairmiúla neamhspleácha ceaptha ag an mBord chun dul i mbun feidhme iniúchta inmhéanaigh. Oibríonn an fheidhm iniúchta inmhéanaigh de réir Chód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit. Cuirtear le hobair an iniúchta inmheánaigh trí anailís a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leis an PIAB. Bunaíodh Coiste Airgeadais chun ráitis airgeadais bhliantúla agus buiséid bhliantúla a athbhreithniú agus forléargas a dhéanamh ar nósanna imeachta airgeadais go ginearálta. Ceadaíonn an Príomhfheidhmeannach an anailís riosca agus na pleananna iniúchta inmheánacha agus tá siad faoi réir formhuinithe an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchta agus faoi réir fhaomhadh an Bhoird.

Dearbhaím go ndearnadh athbhreithniú foirmiúil agus mionsonraithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh i ndáil le 2007.

Sínithe thar ceann Chomhaltaí an Bhoird



Dorothea Dowling
Cathaoirleach
An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais.

Tá ráitis airgeadais an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 iniúchta agam faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

**Freagrachtaí an Bhoird agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach**
Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmahaíonn an Bord na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éireann. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa ráiteas um Fhreagrachtaí an Bhoird.

Is é m'fhreagrachtsa ná ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Leana chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na críocha a bhí bearthaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Bord an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le rialú inmheánach Airgeadais gach priacal augs rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

# Alt 5
## Ráitis Airgeadais

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rún atá, de réir cosúlachta, ina mhíráiteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

**An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis**
I mbun m’fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m’iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Bhoird, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m’iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh Leisrdhóthain fianaise agam a d’fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais sarr ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

**Tuairim**
Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Bhoird ag 31 Nollaig 2007 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhar chuntais chuí coinnithe ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



**Gerard Smyth**
**Le haghaidh agus thar ceann an**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**30 Bealtaine 2008**

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

## Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

**1. Bunús an Ullmhaithe**
Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoin modh fabhruithe cuntasaíochta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil agus comhlíonann siad na caighdeáin tuairiscithe airgeadais infheidhme agus tá siad sa bhformáid a comhaontaíodh leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

**2. Deontais Stáit**
Aithnítear Deontais Stáit do chaiteachas atarlaithe ar bhonn fáltais airgid thirim, lena n-áirítear suimeanna arna gcur i bhfeidhm ag An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun freastal ar chaiteachas an Bhoird don tréimhse.

**3. Ioncam ó Tháillí**
Tá Ioncam ó Tháillí comhdhéanta d'Éilitheoir, Freagróir agus Táillí Liachta Aisíoctha. Aithnítear Táillí Éilitheora ar bhonn fáltais airgid thirim. Aithnítear Táillí Freagróra nuair a thoiltear chuig próiseas measúnaithe an PIAB. Aithnítear Táillí Liachta nuair a thabhaítear costais a bhaineann leis an éileamh.

**4. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe**
Luaitear Sócmhainní Seasta Inláimhsithe ag costas nó luacháil lúide carnadh dímheasa. Soláthraítear dímheas ar bhonn na líne dírí ag rátaí a mheastar a laghdóidh na sócmhainní chuig luachanna inréadaithe faoi dheireadh a saoil úsáideacha measta mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Áitreabh Léasachta | 5% | Líne Dhíreach |
| Crua-Earraí/Bogearraí IT | 25% | Líne Dhíreach |
| Trealamh Oifige | 20% | Líne Dhíreach |
| Fearais agus Feistis | 12.50% | Líne Dhíreach |
| Troscán oifige | 12.50% | Líne Dhíreach |

Soláthraítear bliain iomlán dímheasa sa bhliain éadála.

**5. Cuntas Caipitil**
Aistrítear Deontais Stáit a úsáidtear chun socmhainní seasta a cheannach chuig an gCuntas Caipitil sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas agus cuirtear na costais chun ioncaim thar saol úsáideach, na sócmhainní gaolmhara.

Is ionann iarmhéid an Chuntais Chaipitil agus an méid ioncaim neamhamúchta de Dheontais Stáit a fheidhmítear do chríocha chaiteachas caipitil agus luach na sócmhainní a aistrítear chuig an mBord.

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

## Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

**6. Cánachas**
Tá an Bord díolmhaithe ó Cháin Chorparáide faoi alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Ní bhaineann an diolúine seo le hús taisce. Sa chás go bhfuil ús infhaighte faoi réir cánach i gceist (m.sh. DIRT) cuirtear an glanmhéid infhaighte chun sochair an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais.

**7. Léas Oibríochta**
Cuirtear íocaíochtaí cíosanna faoin léas oibríochta de mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn fabhraithe.

**8. Aoisliúntas**
Toisc na socruithe, mar a bhfuil tuairisc orthu i Nóta 13, atá an Bord ag cur ar bun maidir leis an scéim shochair shainithe a bheidh i bhfeidhm d'fhostaithe, is é dearcadh an Bhoird nach bhfuil na forálacha Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, i ndáil le cuntasaíocht do dhliteanais phinsin a thagann chun cinn faoi scéimeanna shochair shainithe infheidhme maidir lena n-imthosca. Dá réir sin, cuireann an Bord na ranníocaíochtaí fostóra de mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain, amhail is dá mba scéim ranníocaíochtaí sainithe í an scéim.

**9. Cúlchiste Ginearálta an PIAB**
Le linn don Bhord a fheidhmeanna a fhorbairt, d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach go mbainfí leas as caingean dlí chun táillí atá dlite dó a aisghabháil faoin Acht. I gcásanna áirithe, measann an Bord go bhfuil sé stuama go bhfuil acmhainní dóthanacha ar fáil chun na costais a sheasamh.

Dá réir sin, aistrítear méideanna ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais chuig an gCúlchiste Ginearálta nuair a mheastar é sin a bheith riachtanach.

**10. Féichiúnaithe**
Díscríobhtar drochfhiacha atá ar eolas agus déantar soláthar sonrach d'aon mhéid a mheastar go mbeadh a mbailiú amhrasach. Coinnítear foráil ghinearálta bhreise chomh maith.

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

## Cuntas ioncaim agus caiteachais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007

| **Ioncam** | **Nótaí** | **2007** | **2006** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Deontas Stáit | | 75,021 | 363,510 |
| Aistriú (chuig)/ó Chuntas Caipitil | 10 | 273,385 | 303,904 |
| Ioncam ó Tháillí | 1 | 14,142,949 | 10,954,343 |
| Ús infhaighte | | 73,862 | 54,674 |
| Ioncam Eile | | 0 | 150 |
| **Ioncam Iomlán** | | **14,565,217** | **11,676,581** |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara | 2 | 5,046,883 | 3,747,081 |
| Costais Phróiseála Éilimh | 3 | 5,429,029 | 3,349,289 |
| Táillí & costais na gcomhaltaí Boird | | 110,802 | 110,322 |
| Costais Chóiríochta agus Bhunaíochta | 4 | 425,025 | 318,200 |
| Earcaíocht, Oideachas & Oiliúint | 4 | 194,357 | 172,719 |
| Eolas, Taighde agus Cumarsáid | 4 | 286,378 | 224,592 |
| Costas Dlí & Táillí Gairmiúla | 4 | 804,411 | 1,607,903 |
| Costais IT | 4 | 692,899 | 641,450 |
| Costais Teileachumarsáide | | 204,801 | 130,926 |
| Riarachán Ginearálta | 4 | 914,744 | 723,711 |
| Brabús/Caillteanas ar Dhiúscairt Shócmhainní Seasta | | (2,829) | 0 |
| Dímheas | | 388,217 | 358,639 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **14,494,717** | **11,384,832** |
| **BARRACHAS DON BHLIAIN** | | **70,500** | **291,749** |
| Aistriú go dtí Cúlchiste Ginearálta | | 0 | 0 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2004 | | 878,943 | 587,194 |
| **Iarmhéid amhail deireadh na bliana** | | **949,443** | **878,943** |

Thar ceann an Bhoird
Dáta

Thar ceann an Bhoird
Dáta

Níl aon ghnóthachain ná caillteanais ag an mBord sa bhliain airgeadais seachas iad sin a ndéileáiltear leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta agus na Nótaí 1 go dtí 17.

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

## Clár Comhardaithe an 31 Nollaig 2007

| SÓCMHAINNÍ SEASTA | Nótaí | 2007 € | 2007 € | 2006 € | 2006 € |
|---|---|---|---|---|---|
| Sócmhainní Inláimhsithe | 5 | | 1,093,123 | | 1,211,638 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | | | |
| Féichiúnaithe | 6 | 2,088,241 | | 1,917,253 | |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | | 3,055,292 | | 2,559,227 | |
| | | **5,143,533** | | **4,476,480** | |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | | | |
| Creidiúnaithe: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | 7 | 3,735,224 | | 2,455,630 | |
| **GLAN-SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | 1,408,309 | | 2,020,850 |
| Soláthairtí le haghaidh dliteanas | 8 | | 556,790 | | 1,084,960 |
| **SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA** | | | **1,944,642** | | **2,147,528** |
| **MAOINITHE AG:** | | | | | |
| Cuntas Caipitil | 10 | | 745,199 | | 1,018,585 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | 949,443 | | 878,943 |
| Cúlchiste Ginearálta an PIAB | 11 | | 250,000 | | 250,000 |
| | | | **1,944,642** | | **2,147,528** |

Thar ceann an Bhoird
6 March 08
Dáta

Thar ceann an Bhoird
6 March 08
Dáta

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta agus na Nótaí 1 go dtí 17.

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

## Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

| | Notaí | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|---|
| **Réiteach barrachais don bhliain chuig glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas don Bhliain | | 70,500 | 291,749 |
| **Míreanna Neamh-Oibríochta** | | | |
| Ús Bainc | | (73,862) | (24,855) |
| Díolachán sócmhainní dochta | | (2,829) | 0 |
| **Míreanna Nach Bearta Airgid Iad** | | | |
| Aistriú Cuntais Chaipitil | | (273,385) | (303,904) |
| Muirear Dímheasa | | | |
| - Sócmhainní Dochta Inláimhsithe | 5 | 388,217 | 358,639 |
| (Ardú)/Laghdú i bhFéichiúnaithe | | (170,988) | (998,410) |
| Ardú /(Laghdú) i gCreidiúnaithe | | 1,279,594 | 1,394,575 |
| Ardú /(Laghdú) i Soláthairtí le haghaidh dliteanas | | (528,170) | 485,292 |
| **Glan–insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **689,077** | **1,203,086** |
| **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid** | | | |
| Glan–insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 689,077 | 1,203,086 |
| Aischuir ar infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais | | | |
| Ús Bainc | | 73,862 | 24,855 |
| **Sreabhadh Airgid roimh Chaiteachas Caipitil** | | 762,939 | 1,227,941 |
| **Caiteachas Caipitil** | | | |
| Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe | 5 | (275,692) | (170,882) |
| Brabús ar dhíolachán sócmhainní dochta | | 8,818 | 0 |
| **Sreabhadh Airgid tar éis Caiteachas Caipitil** | | **496,065** | **1,057,059** |
| **Ardú in Airgead Tirim** | | | |
| **Réiteach Ardaithe Airgid go hAirgead Tirim sa Bhanc** | | | |
| Gluaiseacht Airgid don Bhliain | | 496,065 | 1,057,059 |
| Airgead tirim sa bhanc an 1ú Eanáir | | 2,559,227 | 1,502,168 |
| **Airgead tirim sa bhanc an 31ú Nollaig** | | **3,055,292** | **2,559,227** |

Thar ceann an Bhoird
6 March 08
Dáta

Thar ceann an Bhoird
6 March 08
Dáta

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007

| **1. Ioncam ó Tháillí** | **2007** €| **2006** € |
|---|---|---|
| Ioncam Éilitheora | 1,080,100 | 942,600 |
| Ioncam Freagróra | 8,834,350 | 7,649,428 |
| Táillí a bhain le hÉilimh & Táillí Eile Aisíoctha | 4,228,499 | 2,362,315 |
| | **14,142,949** | **10,954,343** |

| **2. Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara** | | |
|---|---|---|
| Tuarastail | 4,033,096 | 2,994,807 |
| Ranníocaíochtaí Aoisliúntais an Fhostóra* | 654,273 | 491,395 |
| Ranníocaíochtaí ÁSPC an Fhostóra | 359,514 | 260,879 |
| | **5,046,883** | **3,747,081** |

| **An Líon Foirne** | | |
|---|---|---|
| Foireann fostaithe go díreach ag an PIAB | 71 | 75 |

Tá Costais Tuarastail comhdhéanta d'ollchostas in aghaidh an fhostaí móide ÁSPC agus ranníocaíochtaí aoisliúntais an fhostóra.

*Féach nóta 13.

| **3. Costais Phróiseála Éilimh** | | |
|---|---|---|
| Conradh an Ionaid Seirbhíse Eisfhoinsithe | 1,073,393 | 822,996 |
| Costais Poist an Ionaid Seirbhíse Eisfhoinsithe | 156,904 | 133,904 |
| Táillí a bhain le hÉilimh Íoctha | 4,062,283 | 2,281,656 |
| Táillí a bhain le hÉilimh Eile | 136,449 | 110,733 |
| | **5,429,029** | **3,349,289** |

**4. Caiteachas**

| **Costais Chóiríochta agus Bhunaíochta** | | |
|---|---|---|
| Muirir Chíosa agus Sheirbhíse | 253,927 | 203,405 |
| Glantachán agus Slándáil | 59,980 | 41,294 |
| Solas & Teas, Cothabháil agus Eile | 111,118 | 73,501 |
| | **425,025** | **318,200** |

| **Earcaíocht, Oideachas & Oiliúint** | | |
|---|---|---|
| Agallaimh, Measúnuithe agus Fógraíocht | 33,510 | 40,213 |
| Oiliúint, Oideachas & Costais Eile | 160,847 | 132,506 |
| | **194,357** | **172,719** |

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007

| **Eolas, Taighde agus Cumarsáid** | **2007** | **2006** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Cumarsáid | 212,902 | 177,481 |
| Bileoga eolais/Bróisiúir & Foilseacháin Eile | 73,476 | 47,111 |
| | **286,378** | **224,592** |

| **Costas Dlí & Táillí Gairmiúla** | | |
|---|---|---|
| Táillí Staitisticiúla, Iniúchta Inmheánaigh & Proifisiúnta Eile | 313,499 | 269,890 |
| Iniúchta | 13,750 | 12,250 |
| Táillí Dlí | 173,072 | 156,542 |
| Costais Athbhreithnithe Breithiúnach | 298,407 | 1,165,591 |
| Tuarascáil Shochar Costais | 5,683 | 3,630 |
| | **804,411** | **1,607,903** |

| **Costais IT** | | |
|---|---|---|
| Forbairt Bogearraí IT | 61,950 | 0 |
| Ionadaithe Grúpa Úsáideoirí IT | 1,032 | 0 |
| Ceadúnais IT | 437,244 | 525,502 |
| Tacaíocht agus Cothabháil IT | 104,105 | 100,123 |
| Straitéis IT - Céim 2 | 59,290 | 0 |
| Earraí Inchaite & Oiliúint IT | 29,278 | 15,825 |
| | **692,899** | **641,450** |

| **Riarachán Ginearálta** | | |
|---|---|---|
| Postas | 365,306 | 243,639 |
| Taisteal & Maireachtáil Foirne | 23,611 | 36,968 |
| Páipéarachas Oifige | 64,596 | 76,625 |
| Árachas | 50,039 | 34,944 |
| Foireann Shealadach | 131,766 | 166,892 |
| Nithe éagsúla | 47,483 | 38,296 |
| Soláthar d’Fhiacha Amhrasacha | 231,943 | 126,347 |
| | **914,744** | **723,711** |

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007

| 5. SÓCMHAINNÍ SEASTA | Áitribh Léasachta | Crua-earraí/ Bogearraí IT | Trealamh Oifige | Fearais agus Feistis | Troscán Oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Luacháil** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Amhail an 1 Eanáir | 821,873 | 1,035,944 | 126,597 | 35,985 | 229,903 | 2,250,302 |
| Nithe Breise | 5,055 | 182,023 | 66,383 | 10,966 | 11,265 | 275,692 |
| Diúscairt | | | (16,335) | | | (16,335) |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **826,928** | **1,217,967** | **176,645** | **46,951** | **241,168** | **2,509,659** |
| **Dímheas Carntha** | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir | 146,282 | 736,401 | 74,520 | 8,589 | 72,873 | 1,038,664 |
| Muirear | 42,357 | 273,969 | 35,874 | 5,869 | 30,148 | 388,217 |
| Diúscairt | | | (10,346) | | | (10,346) |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **188,639** | **1,010,370** | **100,048** | **14,458** | **103,021** | **1,416,536** |
| **Glan-Luach Leabhair** | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2007** | **638,289** | **207,597** | **76,597** | **32,493** | **138,147** | **1,093,123** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2006** | **675,591** | **299,543** | **52,077** | **27,397** | **157,030** | **1,211,638** |

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007

| **6. Féichiúnaithe** | **2007** | **2006** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin: | | |
| Réamhíocaíochtaí | 137,841 | 107,183 |
| Ús Bainc Infhaighte | 45,097 | 40,850 |
| Féichiúnaí Cánach-PSWT | 0 | 0 |
| Táillí Infhaighte | 2,424,962 | 2,056,936 |
| Soláthar d'fhiacha amhrasacha: | (519,659) | (287,716) |
| | **2,088,241** | **1,917,253** |

| **7. Creidiúnaithe** | | |
|---|---|---|
| Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin | | |
| Táille Iniúchta | 17,158 | 16,719 |
| Creidiúnaí Cánach- PSWT | 100,273 | 50,079 |
| Creidiúnaí Cánach - ÍMAT/ÁSPC/Pinsean | 157,622 | 149,375 |
| Táillí Dlí | 1,399,427 | 781,374 |
| Creidiúnaithe Trádála & Fabhruithe | 1,571,744 | 894,933 |
| Táillí Boird | 9,000 | 9,000 |
| Creidiúnaithe Eile | 480,000 | 554,150 |
| | **3,735,224** | **2,455,630** |

| **8. Soláthairtí le haghaidh Dliteanas** | | |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 1,084,960 | 599,668 |
| Gluaiseacht don Bhliain | (528,170) | 485,292 |
| **Foráil Iarmhéid Deiridh do Tháillí Dlí** | **556,790** | **1,084,960** |

Tionscnaíodh gníomhaíocht in aghaidh an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2004 a bhain le beartas atá glactha ag an PIAB maidir le bheith ag scríobh go díreach chuig éilitheoirí agus an cóip den chomhfhreagras a sheoladh chuig a n-aturnaetha. In Eanáir 2005 thug an Ard-Chúirt breithiúnas i bhfabhar an éilitheora. Tá an Bord ag déanamh achomhairc chun na Cúirte Uachtaraí.
Táthar ag súil go n-éisteofar leis an achomhairc i 2008.

Áirítear san iarmhéid tosaigh foráil do chostais dlíthiúla i ndáil leis an ngníomh atá léirithe thuas chomh maith le foráil ghinearálta do chaingne dlí breise a d'fhéadfadh tarlú.
Baineann an ghluaiseacht sa bhliain le húsáid na forála ginearálta do ghníomhartha sonracha atá san áireamh anois i gcreidiúnaithe nó in íocaíochtaí a rinneadh i rith na bliana.

Baineann an Iarmhéid Deiridh le híocaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le cás na Cúirte Uachtaraí atá léirithe thuas.

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007

**9. Tiomantais Airgeadais**

Tá tiomantais ag an mBord maidir le conradh ceadúnais bogearraí iníoctha mar a leanas:

| | **2007** | **2006** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Dlite laistigh de bhliain amháin | 300,000 | 300,000 |
| Dlite tar éis bliain amháin & roimh cúig bliana | 0 | 300,000 |
| | **300,000** | **600,000** |

| | | |
|---|---|---|
| **10. Cuntas Caipitil** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2007 | 1,018,585 | 1,322,489 |
| Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní | (273,386) | (303,904) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2007** | **745,199** | **1,018,585** |

| | | |
|---|---|---|
| **11. Cúlchiste Ginearálta an PIAB** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2007 | 250,000 | 250,000 |
| Aistriú ón gCuntas Ioncaim & Caiteachais | 0 | 0 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2007** | **250,000** | **250,000** |

**12. Áitreabh agus Cóiríocht**

Tá áitreamh ag an mBord ag Teach Grain, Halla Exchange, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24. Tá an t-áitreabh ar léas ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus íocann an PIAB na costais léasa. Mairfidh an léas ar feadh téarma fiche bliain le cíos tosaigh de €188,554 sa bhliain. Déantar athbhreithnithe cíosa ag tús na séú bliana, an aonú bliain déag agus na séú bliana déag den léas.

**13. Cóireáil Chuntasaíochta do Shochair Scoir***

Feidhmíonn an Bord scéim phinsin shochair shainithe do na fostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar shamhail na Seirbhíse Poiblí atá curtha isteach lena cheadú chuig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus chuig an Aire Airgeadais. Fuair an Bord ceadú riaracháin ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an scéim a rith.
Tá na sochair phinsin atá iníoctha faoi scéim á maoiniú ag Státchiste.

Tá roinnt tréithe sainiúla ag na socruithe atá á cheadú:
Íocann an Bord ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Tá an ranníocaíocht comhdhéanta d'fhostaithe agus d'fhostóirí.
Is fiú 16.67% de phá comhlán ranníocaíocht an fhostóra faoi láthair arna íoc ag an mBord.
Tá tiomantas follasach ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le comhaontú ón Roinn Airgeadais, go seasfaidh an Státchiste costas na sochair mar a thiteann siad.

Breithníonn an Bord go bhfuil an éifeacht airgeadais chéanna ag na socruithe pinsin, mar a thuairiscítear thuas, agus atá ag scéim ranníocaíochtaí sainithe i dtuairim an Bhoird. Is é léargas an Bhoird ná nach bhfuil forálacha Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, a thagann chun cinn faoi scéimeanna shochair shainithe, oiriúnach dá n-imthosca.
Da réir sin, breathnaítear ar na ranníocaíochtaí mar a bheadh an scéim ina scéim ranníocaíochtaí sainithe.

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007

**14. Dliteanas Teagmhasach**

Tá achomharc déanta ag na Coimisinéirí Luachála, trí Chás Sonraithe chun na Cúirte Uachtaraí, ar chinneadh an mBinse Luachála go bhfuil an Bord ina "oifig Stáit" agus dá bhrí sin díolmhaithe ó bheith ag íoc rátaí. Tá an tlarratas liostaithe i gcomhair éisteachta san Ard Chúirt i dtús 2008.
Tá an Bord dóchasach go n-éireoidh leis an stádas díolmhaithe atá aige a choimeád.

Níl aon fhoráil do Rátaí sna Ráitis Airgeadais. Bheadh an méid is iníoctha i gcás nach chothabhálann an PIAB an stádas díolmhaithe circa €100,000 a bhaineann le 2005 agus 2007 san áireamh.

**15. Figiúirí Comparáideacha**

Athshonraíodh figiúirí comparáideacha áirithe ar an mbonn céanna agus na figiúirí don bhliain reatha.


**16. Leasanna Chomhaltaí an Bhoird**

Ghlac an Bord nósanna imeachta de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais i ndáil le Léasanna arna nochtadh ag Comhaltaí an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana.
Ní raibh aon idirbheartaíochtaí sa tréimhse i ndáil le gníomhaíochtaí an Bhoird a raibh aon leas tairbhiúil iontu do Chomhaltaí an Bhoird.

**17. Ceadú na Ráiteas Airgeadais**

Bhí na ráitis airgeadais ceadaithe ag an mBord amhail an 6ú Márta, 2008.

# Alt 5
## Ráitis Airgeadais



# Aguisíní

Cur go dearfach leis an athrú ar an timpeallacht réiteach éileamh díobhála pearsanta in Éirinn.



# AGUISÍNÍ:

| Clár | Leathanach |
|---|---|
| Aguisín 1: Líne Ama Stairiúil an PIAB | 110 |
| Aguisín 2: Próiseas an PIAB (Sracfhéachaint) | 111 |
| Aguisín 3: AN EAGRAÍOCHT | 112 |

# Aguisíní


## Aguisín 1 Líne Ama Stairiúil an PIAB

Léiríonn an tábla thíos forbairt stairiúil an PIAB ó ceapadh an coincheap ar dtús, trí fhorbairt an PIAB go dtí an lá atá inniu ann agus tá 8,200 dámhachtain cúitimh déanta ag an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta i 2007 atá i bhfeidhm go hiomlán.

| | |
|---|---|
| 1996 | Luadh i dTuarascáil de chuid Deloitte ar iomaíochas go raibh costais árachais in Éirinn ‘an-ard’, agus go raibh leibhéil míreanna árachais criticiúil ó thaobh mar shampla dliteanas fostaí níos airde go suntasach ná mar atá ag ár gcomhghleacaithe san Eoraip. |
| 2002 | Mhol Tuarascáil an Bhoird Comhairleach um Árachas Gluaisteáin (2002) roinnt gníomhartha chun dul i ngleic le costas árachais, lena n-áiríodh bearta chun costas dlíthíochta a laghdú. |
| Deireadh 2002 | D’fhógair an Tánaiste agus an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochtaí, Mary Harney T.D., Clár cuimsitheach do leasú bunúsach ar mhargadh árachais na hÉireann go mbunófaí Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta láithreach ar bhonn eatramhach. |
| 2003 | Bhunaigh príomh-reachtaíocht an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003. |
| Aibreán 2004 | Bunaíodh an PIAB. |
| Meitheamh 2004 | Thosaigh an PIAB ag glacadh le hiarratais éileamh. |
| Márta 2005 | Na chéad dámhachtainí a rinne PIAB. |
| Deireadh 2005 | Faoi dheireadh 2005 bhí 951 dámhachtain tugtha ag an PIAB. |
| Deireadh 2006 | Faoi dheireadh 2006 bhí líon na ndámhachtainí ardaithe go dtí 5,573. |
| Nollaig 2006 | Rinne an Dr. Vincent Hogan, UCD, Anailís Costas-Tairbhe Neamhspleách chun athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr costais an PIAB agus é a chur i gcomparáid le costas an tsean chóras dlíthíochta. Léiríodh sa tuarascáil go seachadaíonn an PIAB cúiteamh níos tapúla agus níos saoire ná an Córas Cúirteanna, le dámhachtainí ina macasamhla ag na cinn a dhéanann na Cúirteanna. |
| Nollaig 2007 | Foriomlán de 10,000 dámhachtain déanta faoi lár 2007.<br>8,208 dámhachtain déanta i 2007 amháin. |

## Aguisín 2: Próiseas an Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) (Sracfhéachaint)

**Próiseas an PIAB**
Tugann an tábla thíos achoimre ar na céimeanna atá i gceist le próiseas éileamh an PIAB.

| Céim | Cur Síos |
|---|---|
| Céim 1  | Cuireann an tÉilitheoir an t-éileamh in iúl don PIAB trí Ionad Seirbhíse an PIAB i gCloich na Coillte, Contae Chorcaí.<br><br>Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Ionad Seirbhíse ar an teileafón Luan go Satharn, 8am go 8pm, ar LoCall ag 1890 829 121 nó tríd an bpost ag Bosca O.P. 8, Cloich na Coillte, Contae Chorcaí |
| Céim 2 | Tugann ionadaí de chuid an PIAB cabhair don Éilitheoir leis an iarratas. |
| Céim 3 | Cuireann an tÉilitheoir isteach an t-iarratas agus Foirm Mheasúnaithe Liachta. |
| Céim 4 | Cuireann an PIAB an Freagróir ar an eolas faoin éileamh. |
| Céim 5 | Toileann an Freagróir le measúnacht an PIAB * |
| Céim 6 | Má thoileann an Freagróir, déantar measúnú agus cuirtear méid na dámhachtana in iúl don Eilitheoir agus don Fhreagróir. |
| Céim 7 | Glacann an dá pháirtí leis an dámhachtain agus eisíonn an PIAB ‘Ordú Íocaíochta’ á ordú don Fhreagróir an dámhachtain a íoc leis an Éilitheoir. |
| Céim 8 | Faigheann an tÉilitheoir an íocaíocht agus sin deireadh leis an gcás. |

* Mura dtoileann an Freagróir leis an measúnú nó má dhiúltaíonn ceachtar páirtí an measúnú, eiseoidh an PIAB ‘Údarú’ don Éilitheoir á údaraíonn dó nó di leanúint lena ngníomh trí na cúirteanna, más mian leis nó léi sin a dhéanamh.

# AGUISÍNÍ:

## Aguisín 3: An Eagraíocht

**Struchtúr Eagraíochta**
Léiríonn an alt seo a leanas struchtúr eagraíochta an PIAB.

Tá an PIAB faoi cheannas Bord Stiúrthóirí (is féidir teacht ar an liosta sa tábla thíos).


Ceapann an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta an Bord agus tá sé déanta suas de Chathaoirleach, agus 10 gnáthchomhalta, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach.

Tá an Bord freagrach as beartais an PIAB a chur le chéile agus dualgais mhuiníne eile a chur i bhfeidhm.

| Ainm | Post |
|---|---|
| Dorothea Dowling | Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin |
| Seanadóir Joe O'Toole | Leaschathaoirleach agus Ainmní ó Chomhar Ceardchumann na hÉireann (ICTU), |
| Patricia Byron | Príomhfheidhmeannach |
| John Fay | Ainmní ón ICTU |
| Tom Noonan | Ainmní ó Chónaidhm Ghnó agus Fostóirí na hÉireann (IBEC) |
| Pat Healy | Ainmní ó Chónaidhm Árachais na hÉireann (IIF) |
| Ann Fitzgerald | Príomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta Náisiúnta Tomhaltóirí |
| Mary O'Dea | Stiúrthóir Tomhaltóra, An Rialtóir Airgeadais |
| Frances Cooke | Aturnae Ioncaim |
| Frank Cunneen | Iar-Chathaoirleach, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| An tOllamh Denis Cusack | An Roinn Liachta Fhóiréinseach, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath |
| Duine eile a bhí i láthair ag Cruinnithe Boird is ea Stephen Watkins, Rúnaí an Bhoird. | |

# AGUISÍNÍ:

## Struchtúr Eagraíochta



# AGUISÍNÍ:

## Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

Tá an Príomhfheidhmeannach Patricia Byron mar chomhalta den Bhord. Tá sí i gceannas ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin lena n-áirítear:

- Bernadette King – Stiúrthóir Airgeadais
- Helen Moran – Stiúrthóir na Seirbhísí Tacaíochta Gnó
- Maurice Priestley – Stiúrthóir Oibríochtaí
- Stephen Watkins – Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as oibríochtaí an PIAB a bhainistiú ó lá go lá, le tacaíocht ó na Stiúrthóirí, Bainisteoirí, Measúnóirí agus Foireann Tacaíochta. Ag deireadh 2007, d'fhostaigh an PIAB 71 duine ag obair san oifig i dTamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Ina theannta sin, tá Ionad Seirbhíse Allamuigh ag an PIAB i Cloich na Coillte, Co. Chorcaí a bhfuil sé de dhualgas aige déileáil le cásanna a ullmhú agus líne cabhrach an PIAB a fheidhmiú.

# AGUISÍNÍ:

## Feidhmeanna Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

Tá sé d'oibleagáid ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta measúnaithe a dhéanamh ar an mbonn céanna leis, agus trí thagairt de, na prionsabail chéanna, mar a rialaíonn an líon damáistí i dlí an torta sna Cúirteanna. Tá próiseas an PIAB bunaithe ar an fáil atá ar eolas, taifid, nó doiciméid eile amháin agus ní reáchtalann an Bord aon éisteachtaí ó bhéal.
Tá an PIAB freisin freagrach as na feidhmeanna reachtúla seo a leanas:

- doiciméid a ullmhú agus a fhoilsiú (ar a dtabharfar "An Leabhar Cainníochtaí") ina mbeidh treoirlínte ginearálta maidir leis na méideanna a fhéadfar a dhámhadh nó a mheasúnú i ndáil le cineálacha sonraithe díobhála,

- cur faoi deara anailís costas-tairbhe a dhéanamh ar imeachtaí dlíthiúla agus na próisis ghaolmhara (lena n-áirítear iad sin dá bhforáiltear faoin Acht) atá in úsáid faoi láthair sa Stát chun críocha cúiteamh a dhámhadh i gcomhair díobhálacha pearsanta,

- bailiú agus anailís sonraí i ndáil leis na méideanna a dhámhtar de bhun caingne sibhialta, nó a chomhaontaítear i socrú caingne sibhialta, lena mbaineann an tAcht seo, agus

- aon fheidhmeanna breise a thugtar don mBord faoi alt 55 den Acht a dhéanamh.

EOLAS TEAGMHÁLA

Ionad Seirbhísí ar oscailt:
Luan go Satharn, 8 r.n. to 8 i.n.
Lo-Call 1890 829 121
Bosca OP 8, Cloich na Coillte,
Co. Chorcaí
www.injuriesboard.ie

ISBN 978-1-4064-2169-9